Márta 2008
imleabhar 10 – eagrán 1

# COURTS SERVICE NEWS

## Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna




# Baineann courts.ie amach gradam ríomhRialtais

## Osdaíonn Teach Cúirte Mhainistir Fhear Maí



## Breathnaímis ar an Dlí




## Seoltar tuarascáil faoi dhúnbhású



## gné-alt


10-12 **Tionscadail ríomhRialtais**
Fócas ar thionscadail a thug an tSeirbhís fúthu

13 **Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh**
Imleabhar 2 Eagrán 1

17-20 **Seoltar pacáiste do Mhúinteoirí OSSP**
Modúl "Breathnaímis ar an Dlí" do dhaltaí dara leibhéal



17

## nuacht


5 **An Ard-Chúirt timpeall na tíre**

6 **Earcaigh nua**

7 **Cur i láthair Henley**

8-9 **Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí**
Seoltar tuarascáil faoi dhúnbhású

14-15 **Oscailt oifigiúil ar Theach Cúirte Mhainistir Fhear Maí**

22-23 **Athoscailt Theach an Charnáin**



6


7


14-15


22-23


Is í Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna. Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcaí ná le beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, lena n-áirítear litreacha.

**Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,**
An Oifig Faisnéise,
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 01-888 6459, Facs: 01-8735250
Ríomhphost: DympnaHealyClarke@courts.ie
Gréasán: http://www.courts.ie

**Foireann Eagarthóireachta:**
Helen Priestley, Tony Lawlor, Dympna Healy-Clarke, Gerry Curran, Luke O'Neill

**Dearadh:** Journeyman Productions, Digital Depot, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8

**Clóbhualadh:** Brunswick Press Ltd., Aonad B2, Eastát Tionsclaíoch an Chloigín Ghoirm, Baile Átha Cliath 12

Fáilte go 2008 agus go heagrán mhí an Mhárta de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Tá a lán againn chun do shuim a mhúscailt san eagrán seo.

Díríonn ár bpríomhghné ar sheoladh 'Breathnaímis ar an Dlí', pacáiste acmhainne do mhúinteoirí agus do dhaltaí dara leibhéal. Tá lámhleabhar, póstaeir agus DVD sa phacáiste, a bhfuil sé mar aidhm aige daoine óga a chur ar an eolas maidir leis an tseirbhís chúirte atá againn. Seoladh go luath i mí an Mhárta é agus tá forlíonadh speisialta maidir leis ar leathanaigh 17 go 20.

Cuirimid síos freisin ar thionscnaimh ríomhRialtais a tugadh isteach taobh istigh den tSeirbhís le blianta beaga anuas. Téann Luke O'Neill tríothu siúd ar leathanaigh 10 go 12.

Maidir leis na foirgnimh, is féidir leat fáil amach faoi na hoscailtí oifigiúla ar Theach Cúirte Mhainistir Fhear Maí (leathanaigh 14 agus 15) agus ar Oifig Dlí Teaghlaigh Chúirte Dúiche Bhaile Átha Cliath i dTeach an Charnáin (leathanaigh 22 agus 23).

Os rud é gur séasúr na ndámhachtainí é seo, is dócha go raibh tú gafa ag an searmanas Oscars in Hollywood le déanaí. Bhuel, bhain láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna amach a coibhéis ríomhRialtais le déanaí (táimid ag tabhairt na 'Escars' go ceanúil ar an ngradam). Is féidir leat tuilleadh a léamh ar leathanach a 11.

Sheol an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a thuarascáil faoi dhúnbhású le déanaí. Bhí Gerry Curran ag an seoladh agus tugann sé léargas dúinn ar an tuarascáil ar leathanaigh 8 agus 9.

Ag leanúint ar aghaidh lenár sraith 'Gearr amach agus Coinnigh', tugaimid gach eolas atá uait nuair atá teach á cheannach agat ar leathanach 25.

Tá sonraí faoi 'Thráthnóna Samhraidh' na bliana seo d'fhoireann na Seirbhíse




atá ar scor ar leathanach 32. Chomh maith leis an méid sin thuas ar fad tá ár mbailiúchán rialta faoi dhaoine atá imithe ar scor, ceapacháin foirne, léirmheasanna ar saoirí, scannáin, ceol agus leabhair.

Sin é! Bain sult as.

*Tony Lawlor*

## gné-ailt rialta


4 Cleachtas agus Nós Imeachta

24 Léirmheas Leabhair: *Law Reporting in Ireland 1866 - 2006*

25-26 Gearr amach agus Coinnigh: *Ag ceannach tí*

27-28 Ceapacháin

28-29 Scoir

30 Léirmheas Saoire: *Nuair a bhíonn tú sa Róimh*

31 Léirmheas Scannáin: *juno*

32 As an Oifig le... Brendan McDonald

33 Léirmheas Ceoil: *U2 agus Steve Forbert*

34 Dán

35 Comórtas

36 Tríd an Lionsa




25


31



33

# Cleachtas agus Nós Imeachta

## Rialacha na Cúirte Dúiche

**I.R. Uimh. 25 de 2008 Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006) (Uimh. 2), 2008**

Tugann na Rialacha seo, a leasaíonn riail 8 d'Ordú 28A, nós imeachta agus foirmeacha maidir le hoibriú d'alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, arna leasú ag alt 60 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007, maidir le pianbhreitheanna fionraithe.

**I.R. Uimh. 41 de 2008 Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007), 2008**

Leasaíonn na Rialacha seo Orduithe 13, 14, 17, 18, 27, 31 agus 101 chun foirmeacha agus nós imeachta a chur ar fáil i leith athruithe, maidir le bannaí don chuid is mó, de bharr roinnt d'fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil, 2007 a bheith ag dul i bhfeidhm agus chun forálacha an Achta um Nós Imeachta Coiriúil (Leasú), 2007 a thógáil san áireamh.

## Rialacha na nUaschúirteanna

**I.R. Uimh. 12 de 2008 Rialacha na nUaschúirteanna (Costais), 2008**

Cuireann na Rialacha seo roinnt leasuithe ar Ordú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna i bhfeidhm a bhaineann le costais na n-iarratas idirbhreitheacha a bhronnadh, breithniú na cúirte ar thairiscintí scríofa nuair atá costais á mbronnadh agus cumhacht na cúirte éileamh a dhéanamh meastacháin ar chostais a tháirgeadh agus a mhalartú.

**I.R. Uimh. 31 de 2008 Rialacha na nUaschúirteanna (Coinbhinsiún Cape Town), 2008**

Déanann na Rialacha seo foráil chun rialú a dhéanamh, in Ordú nua 81A, ar an gcaoi inar féidir tabhairt faoi imeachtaí faoi Choinbhinsiún Cape Town a bhaineann le slándáil do pháirteanna eitleáin agus acmhainní ardluacha soghluaiste eile, agus chun imeachtaí mar sin a chur san áireamh sa chatagóir imeachtaí ar féidir iad a chur faoi thriail sa Liosta Tráchtála.

# Breithiúnas a mharcáil i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte

**Beidh suim ag aturnaetha, ag cléirigh dlí agus ag gníomhairí i lámhleabhar faisnéise nua a chuireann síos ar a bhfuil i gceist le breithiúnas a mharcáil sa Phríomh-Oifig agus rochtain a fháil ar fhasaigh úsáideacha. Insíonn Aoife Terry níos mó dúinn:**

"Tá lámhleabhar faisnéise curtha ar fáil againn, dár teideal 'Judgment Sets and Orders of Fieri Facias Booklet', chun cabhrú le haturnaetha doiciméid sraithe breithiúnas a ullmhú agus a dhréachtú. Rinneamar iarracht go mbeadh an lámhleabhar cuimsitheach agus éasca le húsáid. Chomh maith le léargas a thabhairt ar na pointí atá le tógáil san áireamh nuair atá sraith breithiúnais á chur le chéile, chuireamar sraith leathan de dhoiciméid fhasaigh ar fáil sa lámhleabhar. Chuireamar an lámhleabhar ar fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna agus go dtí seo tá an t-aiseolas atá faighte againn ó aturnaetha an-dearfach.

Ag breathnú ar aghaidh, déanfaimid athbhreithniú agus nuachóiriú ar an lámhleabhar gach dara bliain. Má tá éileamh ann déanfaimid breithniú ar an lámhleabhar a fhoilsiú le dáileadh go ginearálta."

**Is féidir tuairimí agus moltaí a chuir i ríomhphost chuig rannóg na mbreithiúnas sa Phríomh-Oifig leis an *aoifeterry@courts.ie***

**Is féidir breithiúnas a mharcáil sa Phríomh-Oifig de bhun toghairm achomair i gcomhair fiach leachtaithe nuair nár chuir an cosantóir láithreas ar bith isteach don toghairm. Chun breithiúnas a mharcáil déantar roinnt doiciméid "Sraith Bhreithiúnais" a lóisteáil lena bpróiseáil. Déantar scrúdú ar na doiciméid seo, a bhfuil mionnscríbhinní seirbheála agus mionnscríbhinní fiacha san áireamh leo, le cinntiú go bhfuil Rialacha na nUaschúirteanna á gcomhlíonadh acu. Más rud é gur chloí na doiciméid ar fad leis na riachtanais, déanann Cláraitheoir na Príomh-Oifige breithiúnas a mharcáil.**

# Na príomhleasanna a bhaineann le lámhleabhar faisnéise na sraitheanna breithiúnais:

- Don chéad uair, tá na fasaigh ar fad a theastaíonn do shraith bhreithiúnais i ndoiciméad amháin a bhfuil rochtain éasca air
- Is féidir le haturnaetha a bhfuil cúnamh uathu chun doiciméid sraithe breithiúnas a dhréachtú úsáid a bhaint as láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna chun cóip den lámhleabhar a íoslódáil
- Tá innéacs cuimsitheach sa lámhleabhar a threoraíonn an t-úsáideoir chuig na codanna cuí i ngach ábhar
- Tá seans níos mó ann go mbeidh sraitheanna breithiúnais ag cloí leis na riachtanais a theastaíonn agus seans níos lú go ndéanfar iad a cheistiú agus a chur ar ais chuig aturnaetha má leantar na treoracha agus na fasaigh atá sa lámhleabhar
- Ba chóir go laghdódh an lámhleabhar go mór an méid ama agus dua a chaitheann aturnaetha ag ullmhú sraitheanna breithiúnais
- Cuireann an lámhleabhar ar aghaidh tiomantas na Príomh-Oifige chun bainistíocht na nósanna imeachta a fheabhsú laistigh den oifig agus chun leibhéal na faisnéise atá dírithe go sonrach ar réimse áirithe agus atá ar fáil d'úsáideoirí a mhéadú

# An Ard-Chúirt chun suí ar dhátaí breise i mbailte cúigeacha agus i bpríomhbhailte contaetha

**Tá gnó Ard-Chúirte níos minice nua tosaithe i dtithe cúirte móra athchóirithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, ag ligean do chásanna teacht os comhair cúirte níos túisce, mar a thuairiscíonn Gerry Curran:**

Tá Uachtarán na hArd-Chúirte agus an tSeirbhís Chúirteanna ag tabhairt gnó Ard-Chúirte breise chuig bailte cúigeacha agus príomhbhailte contaetha. Cinntíonn sé seo go mbíonn dátaí do chásanna níos tapúla, go bhfuil gnó na hArd-Chúirte scaipthe amach ar fud na tíre ar fad, agus go mbaintear úsáid iomlán as tithe cúirte níos mó a athchóiríodh le déanaí chun leasa lucht úsáidte áitiúil na gcúirteanna.

Go traidisiúnta, níor éist an Ard-Chúirt ach le cásanna díobhála pearsanta agus le hachomhairc ón gCúirt Chuarda taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Le blianta beaga anuas leathnaíodh an gnó chun éisteachtaí na Príomh-Chúirte Coiriúla i leith cásanna banéigin agus dúnmharaithe in ionaid réigiúnacha. Ciallaíonn an síneadh is deireanaí go n-éistfear le haisghabháil fiacha, díospóidí conartha agus cúrsaí eile gan ghiúiré in áiseanna breátha, i dtréimhsí ama níos giorra.

Bhí an éifeacht seo a leanas aige seo ar liostaí na hArd-Chúirte. Socraíodh 24 cás gan giúiré i gcomhair éisteacht iomlán i dtithe cúirte i mBaile Átha Cliath sa téarma dlíthiúil seo. Idir an dá linn, socraíodh 140 cás d'ionaid i mbailte contae - iad ar fad tógtha ó na gnáthliostaí lárnacha. Bheadh an 140 cás seo fágtha gan éisteacht murach seo. Eagraíodh na seisiúin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath chun an úsáid is mó a bhaint as acmhainní breithiúnacha breise - le blianta beaga anuas tá méadú suntasach tagtha ar líon na mBreithiúna Ard-Chúirte.

Cé go bhfuil sé deacair meastachán a thabhairt ar cé mhéid cás nua a thiocfaidh isteach i liosta na hArd-Chúirte i mbliana, ag an ráta reatha beidh dáta éisteachta faighte ag na cásanna reatha ar fad atá réidh le héisteacht sa chatagóir seo i dteach cúirte timpeall na tíre roimh dheireadh na bliana.

**Ionaid le haghaidh éisteachtaí Ard-Chúirte (anuas ar na hionaid a éisteann le suíonna Díobhála Pearsanta agus achomhairc Cúirte Cuarda amháin faoi láthair):**

**Deireadh Fómhair – Nollaig 2007: Corcaigh, Luimneach agus an Brú, Caisleán an Bharraigh, Inis**

**Eanáir – Bealtaine 2008: Caisleán an Bharraigh, Dún Dealgan, Gaillimh, Corcaigh, Tulach Mhór, Trá Lí**

**Eagraíodh suíonna breise chun déileáil le riaráistí d'Achomhairc Chuarda i roinnt de na réigiúin thuasluaite. Baineadh úsáid as tithe cúirte Dhún Dealgan agus an Náis mar ionaid mhalartacha do chásanna a éistear go hiondúil i mBaile Átha Cliath, agus leanfar ar aghaidh leis an nós seo. Bainfear úsáid as Dún Dealgan beagnach gach lá go dtí deireadh mhí Iúil.**

# Caitheann foilseacháin nua solas ar áiseanna cúirte agus conas rochtain a fháil orthu



**Faigh amach conas dul chuig roinnt tithe cúirte agus faigh eolas maidir leis na háiseanna atá ar fáil iontu trí chóip de bhileoga na Seirbhíse Cúirte a foilsíodh le déanaí a phiocadh suas. Tá cur síos ar Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche i dTeach an Charnáin, Baile Átha Cliath agus tithe cúirte i nDún Dealgan agus sa Chabháin sna bileoga seo.**

**Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche, Teach an Charnáin**

Tá Teach an Charnáin suite ar Shráid Essex Thoir, Baile Átha Cliath atá idir Cé Wellington agus Sráid an Dáma agus in aice le Barra an Teampaill. Rinneadh athchóiriú iomlán ar an bhfoirgneamh i 2007 agus anois tá trí sheomra cúirte dlí teaghlaigh nua-aimseartha ann chomh maith le seomraí comhairliúcháin agus áiseanna eile do chuairteoirí.

Tá Oifig an Dlí Teaghlaigh i dTeach an Charnáin ina cuid de Chúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bíonn sí ag déileáil le cúrsaí dlí teaghlaigh, a chuimsíonn foréigean teaghlaigh, caomhnóireacht, coimeád, rochtain agus cothabháil.

**Teach Cúirte Dhún Dealgan:**

Tá Teach Cúirte Dhún Dealgan suite i lár bhaile Dhún Dealgan agus níl sé rófhada ón stáisiún bus. I 2003, d'athoscail an foirgneamh tar éis athchóiriú mór agus síneadh a chur air. Tá ceithre sheomra cúirte san fhoirgneamh athmhúnlaithe (lena n-áirítear seomra cúirte dlí teaghlaigh) agus cóiríocht oifige nua-aimseartha lena n-áirítear áiseanna feithimh agus comhdhála.

**Cavan Courthouse:**

Tá Teach Cúirte an Chabháin suite i lár an bhaile, cúig nóiméad ar siúl ón stáisiún bus. Tar éis athchóiriú mór ar an bhfoirgneamh bunaidh tá dhá sheomra cúirte nua-aimseartha anois ann agus cóiríocht oifige chomh maith le háiseanna do chuairteoirí agus seomraí dlí teaghlaigh.

**Tugann na foilseacháin is déanaí seo sonraí faoi uaireanta oscailte, teagmhálacha, léarscáileanna agus faisnéis faoin iompar poiblí sa cheantar áitiúil. Beidh bileoga faoi thithe cúirte eile ar fáil go luath amach anseo.**

**Chun cóipeanna a fháil, cuir ríomhphost chuig publicationsunit@courts.ie, nó glaoigh ar Aonad na bhFoilseachán san Oifig Fhaisnéise i dTeach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme ag 01 888 6459.**

# Céad Earcaigh na Bliana 2008

**Cad is féidir le hearcach nua a bheith ag súil leis ó thaobh oiliúna tosaigh nuair a théann siad ag obair leis an tSeirbhís Chúirteanna? D'iarramar ar an Oifigeach Oiliúna, Fiona Farrell, é sin a insint dúinn:**

"Is ar Oifigigh Cléireachais agus Oifigigh Feidhmeacháin atá nuathagtha chun na Seirbhíse Cúirteanna atá ár gclár induchtaithe dhá lá dírithe. Tugtar cuntas don bhfoireann faoi eagrú, bainistiú agus struchtúir foirne na Seirbhíse Cúirteanna i rith na tréimhse sin. Úsáidtear an Chairt Seirbhísí do Chustaiméirí, an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin agus an Cód Caighdeán agus Iompair le cabhrú leo dul i dtaithí ar chultúr na Seirbhíse Cúirteanna. Insímid dóibh faoi bheartais ar nós na mbeartas Frithbhullaíochta, Ciaptha agus Ciaptha Ghnéis agus faoi bheartais maidir le hÚsáid Ríomhairí agus le Cosaint Sonraí."

"Tugann an Fhoireann Thacaíochta Acmhainní Daonna léirithe dóibh maidir le rudaí a bhaineann le ceisteanna Acmhainní Daonna, an Cód Smachta, cúrsaí Pinsin agus teidlíochtaí i leith Saoire, mar shampla, agus lena chois sin bíonn deis ag na hearcaigh nua bualadh leis an Oifigeach Cúnta Fostaithe."

Míníonn Fiona nach bhfuil sa chúrsa dhá lá ach an chéad chuid de phróiseas ionduchtaithe. "Leantar ar aghaidh leis an ionduchtú nuair a shainítear an fhoireann chuig a n-oifigí féin. Tá ról ag bainisteoirí agus ag a gcomhghleacaithe cabhrú leis na daoine nua dul i dtaithí ar an obair atá le déanamh acu. Bíonn agallaimh leantacha ag na hOifigigh Oiliúna leis na daoine nua i rith an chéad 12 mhí sa tSeirbhís Chúirteanna le féachaint cén chaoi a bhfuil ag éirí leo agus le tacaíocht a thabhairt dóibh."

"In ainneoin nach bhfuil na daoine a bhíonn i láthair ach ag tosú ag obair sa Státseirbhís, is breá leo cloisteáil faoi chúrsaí pinsean!"



Earcaigh nua ar an gclár ionduchtaithe. Líne chúil ó chlé: Myles Reidy (Cúirt Chuarda Chorcaí), Mary Gill (An Ard-Chúirt), Brenda Ray (Seirbhísí Corparáideacha), Marie Coady (An Ard-Chúirt). Líne thosaigh ó chlé: Adrejs Rudaks (An Stiúrthóireacht um Oibríochtaí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche), Bernadette Hobbs (An Ard-Chúirt), Lillian Meade (Cúirt Chuarda Chorcaí), Anne-Marie Dwyer (Cúirt Dúiche Chluain Meala).

# Éiríonn leis na breithiúna ina scrúdú tiomána ríomhairí

**Bhronn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin PJ Fitzpatrick a gCeadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí ar a lán breithiúna le déanaí, rud a chruthaíonn nach bhfuil aon leisce orthu dul i ngleic le TF. Bhain sé leas as an ócáid le tabhairt le fios go bhfuil an-dul chun cinn déanta ag na breithiúna ó thaobh TF de le blianta beaga anuas:**

Is deacair a chreidiúint gurb ar éigin a bhí aon TF sa tSeirbhís Chúirteanna cúpla bliain ó shin. B'éigean dúinn tosú as an nua nuair a thugamar faoi agus cáblaí a chur in a lán de na foirgnimh. Is cuimhin linn go dianmhaith na rudaí a dúirt an Grúpa Oibre a bhí ar Choimisiún Cúirteanna faoin bhfíor-drochbhail a bhí ar a lán díobh. Má bhreathnaímid ar chúrsaí an lae inniu feicimid go bhfuil an ríomhphost agus an t-idirlíon in úsáid an t-am ar fad. Tá mórchuid dár gcuid oibre ag braith ar chórais ríomhaireachta anois - gach rud ón gcóras bainistíochta um chásanna coiriúla go dtí na córais éagsúla atá againn le breathnú i ndiaidh ár gcuid oibriúchán airgeadais agus bhainistiú ár n-acmhainní daonna. Áit ar bith nach bhfuil córais mhór-ríomhairí tá córais sealadacha inár n-oifigí cúirte.

Táimid ag feidhmiú anois sa chaoi is gur féidir ár seirbhísí a rochtain uair ar bith de lá nó d'oíche seacht lá na seachtaine. Má théann tú go dtí ár láithreán gréasáin féadfaidh tú éileamh beag a dhéanamh ar líne, breithiúnas cúirte a lorg, féachaint sa Dialann Dlí le fáil amach céard iad na cásanna atá le héisteacht agus breathnú ar thaifid na hArd-Chúirte. Ní fada go mbeifear in ann fíneálacha agus cothabháil a íoc ar líne. Táimid ag obair i gcomhar leis an nGarda Síochána maidir le toghairmeacha na bpointí pionóis socraithe agus tá an-dul chun cinn á dhéanamh againn maidir le hobair eile. Is léir go bhfuil éileamh ar fhianaise trí nasc físe sa seomra cúirte agus ní fada go mbeidh fáil ar thaifeadadh digiteach fuaime.

Táimid ag forbairt córas nua bainistithe cásanna sibhialta mar chuid den obair atá idir lámha againn ag ullmhú do na blianta atá le teacht. Cuirfimid ríomhChomhdú ar fáil mar rogha agus táimid cinnte go mbeifear in ann cáipéisí a thaispeáint sa seomra cúirte féin.

Léiríonn na forbairtí seo go léir an oiread atá muid ag braith ar theicneolaíocht na faisnéise anois. Tá an-tábhacht ag baint le cláir oiliúna ar nós an Cheadúnais Eorpaigh Thiomána Ríomhairí (European Computer Driving Licence - ECDL) agus tá sé an-tábhachtach go mbeadh na breithiúna agus an fhoireann sásta a gcuid am saor a chaitheamh leo faoi mar a rinne a lán acu le sé nó seacht mbliana anuas. Tugann na breithiúna atá ag fáil a gcuid Teastas ECDL inniu léiriú maith ar a bhfuil á bhaint amach agus an chaoi ina bhfuil na cúirteanna ag glacadh le teicneolaíochtaí nua. Tá seacht modúl críochnaithe acu agus pas faighte acu i seacht scrúdú, lena n-áirítear teoiric, bainistiú comhad, próiseáil focal, scarbhileoga, bunachar sonraí, cúrsaí léiriúcháin mar aon leis an idirlíon agus ríomhphost.

Níl amhras dá laghad orm ach go gcúiteofar leo arís agus arís eile as a ndúthracht agus as an am go léir a chaith siad leis an obair agus go gcuirfidh siad ionadh ar dhaoine níos óige ná iad agus fiú ar a dteaghlach féin. Agus is cinnte go bhfeicfidh siad go bhfuil na scileanna nua seo atá acu an-úsáideach i saol an lae inniu áit a bhfuil fás gan stad ag teacht ar an teicneolaíocht. Beidh siad in ann a ngnóthaí bainc a dhéanamh agus a gcuid saoirí a shocrú ar líne feasta!



Ó chlé ag bronnadh na dteastas ag deireadh a gcúrsa ECDL: An Breitheamh Mary Faherty, An Breitheamh Alison Lindsay, An Breitheamh Joseph Finnegan, An Breitheamh Doirbhile Flanagan, PJ Fitzpatrick, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Sarah Arkinson, Traenálaí, An Breitheamh Brian McGovern.




Pearsanra na Seirbhíse Cúirteanna ar bronnadh teastais orthu in éineacht leis an bPríomh-Bhreitheamh John L. Murray, An Dr. Jon Morton, Leas-Phríomhoide Henley Management College, an Uasal Linda Irwin, Stiúrthóir Seirbhísí do Chliaint i Henley agus an Uasal Chris Matchan, oide sinsearach bainisitíochta an chláir.

# Lá mór ag 'Ceannairí Straitéiseacha'

Buaicphointe chláir uathúil Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí na hÉireann ab ea bronnadh teastas ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí. Áirítear an Henley Management College ar cheann de na scoileanna gnó is fearr ar domhan agus tá Clár Ceannaireachta Straitéisí a reáchtáil ag an tSeirbhís i gcomhar leis an gcoláiste le dhá bhliain go leith anuas. Ba chuid é seo de fócas straitéiseach na Seirbhíse ó bunaíodh i 1999 í chun an t-eolas agus na scileanna a chur ar fáil don fhoireann chun go mbeidh siad in ann dul i ngleic go rathúil leis na dúshláin atá le sárú in Éirinn síorathraitheach an lae inniu.

Ba é an Príomh-Bhreitheamh agus Cathaoirleach an Bhoird, an Breitheamh John L. Murray, a bhronn na teastais i láthair Leas-Phríomhoide Henley Management College, An Dr. Jon Morton, an Uasail Linda Irwin, Stiúrthóir Seirbhísí do Chliaint i Henley agus an Uasail Chris Matchan, oide sinsearach bainisitíochta ar an gclár.

Rinne an Príomh-Bhreitheamh comhghairdeas leo as an gclár a chríochnú go rathúil. "Is éard atá i mbronnadh na dteastas seo ná aitheantas poiblí ar an meas atá agam féin agus ag baill an Bhoird orthu siúd go léir a ghlac páirt sa chlár seo," ar seisean. Mhol sé Henley Management College as ardchaighdeán agus feabhas na múinteoireachta agus as a ndianobair agus a ndúthracht ag cur an chláir i láthair ar bhealach spéisiúil taitneamhach.

Dúirt an Dr. Morton mar fhreagra go raibh an-áthas ar Coláiste Henley an deis a bheith acu oibriú i gcomhar leis an tSeirbhís Chúirteanna. "D'éirigh linn mórchuid a fhoghlaim ón gclár seo agus muid ag ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar ár gclár athraithe féin nuair a nascfar le hOllscoil Reading muid," ar seisean. Ghuigh sé gach rath ar an tSeirbhís Chúirteanna agus orthu siúd a ghlac páirt sa chlár.

### Clár Ceannaireachta Straitéisí – Lucht faighte na dTeastas

**Breda Allen, Terence Agnew, Brian Battelle, Padraig Burke. Michael Byrne, Sylvester Carruth, Olive Caulfield, Ciaran Caverly, John Cleere, John Coyle, Mary Crowley, Emer Darcy, Angela Denning, Alan Donnellan, Kevin Fidgeon, James Finn, PJ Fitzpatrick, Catherine Glackin, John Glennon, Darach Green, Simon Hall, Geraldine Hurley, Shay Keary, Eamonn Kiely, Shay Kirk, Chris Lehane, Diarmaid Mac Diarmada, John Mahon, Eoin Manning, Hilda McDermott, Brendan McDonald, Aisling McKeon, Nuala McLoughlin, John Molloy, Gerard Nugent, Miriam O'Flanagan, Kevin O'Neill, Margaret O'Neill, Margaret O'Rafferty, Therese O'Rourke, Ann Price, Jack Purcell, Brendan Ryan, Cillian Smith, Sean Quigley, Peadar Ward**

# Dúnmharú faoin micreascóp agus an

**Catagóirí dúnmharaithe agus scálaí freagrachta a bhí mar chroílár thuarascáil an Choimisiún um Athchóiriú an Dlí faoi dhúnbhású. Tá díospóireacht forleathan spreagtha ag an tuarascáil, a sheol Breitheamh Peter Charleton na hArd-Chúirte, faoin gcaoi ina gcaithimid leo siúd a mharaíonn daoine go mídhleathach agus faoin bhfreagra a thugaimid orthu ó thaobh cúiseamh agus fad téarmaí príosúnachta. Seo tuairisc uaidh Gerry Curran:**




Tá dlí na hÉireann maidir le dúnbhású roinnte ina dhá chuid faoi láthair agus is iad sin dúnmharú agus dúnorgain. Tarlaíonn dúnmharú más mian le duine amháin duine eile a mharú nó a ghortú go tromchúiseach agus go bhfaigheann an té sin bás dá bharr. I measc na gcásanna ina ndéantar daoine a chiontú i ndúnmharú tá siadsan ina ndearnadh an marú a phleanáil roimh ré; nuair a caitheadh an t-íospartach go feasach agus nuair a bhí a fhios ag an té a cúisíodh go bhfaigheadh duine bás de bharr a g(h)níomhartha.

Is éard atá i ndúnorgain na marú mídhleathach nach dúnmharú é agus roinntear ina dhá chatagóir í faoi láthair, dúnorgain dheonach agus dúnorgain ainneonach. Baineann dúnorgain dheonach le cásanna ar chásanna dúnmharaithe a bheadh iontu murach imthoisc mhaolaitheach ar nós briogtha a bheith ann a mhaolaíonn an cionn ó dhúnmharú go dúnorgain. Ní bhaineann an tuarascáil seo ach le dúnmharú agus le dúnorgain ainneonach toisc go bhfuil tionscadal eile idir lámha ag an gCoimisiún faoi chosaint sa dlí coiriúil agus tá dúnorgain dheonach á scrúdú acu. Baineann dhá fhochatagóir le dúnorgain ainneonach faoi láthair. Dúnorgain de bheart mídhleathach baolach is ea an chéad cheann, nuair is cion coiriúil an beart agus an baol ag baint leis go ndéanfaí dochar corpartha don té a maraíodh. Dúnorgain le mór-fhailí is ea an dara ceann nuair a tharlaíonn an bás de bharr gníomh faillí nó neamhghníomh an té a cúisíodh agus go raibh baol mór ag baint leis go ndéanfaí gortú mór pearsanta dá bharr.

**Creideann an Coimisiún gur chóir dúnmharú a thabhairt ar na maruithe is gráiniúla. Molann sé gur chóir go nglacfaí leis i gcónaí go mba dhúnmharú a bhí ann má bhí rún ag an gcúisí duine a mharú nó dochar tromchúiseach a dhéanamh dó nó di.**

## Gearrchuntas ar mholtaí na Tuarascála

Creideann an Coimisiún gur chóir dúnmharú a thabhairt ar na maruithe is gráinniúla Molann sé gur chóir go nglacfaí leis i gcónaí go mba dhúnmharú a bhí ann má bhí rún ag an gcúisí duine a mharú nó dochar tromchúiseach a dhéanamh dó nó di, ach molann sé go leathnófaí an ghné mheabhrach de dhúnmharú chun go n-áireofaí mar dhúnmharú marú meargánta a léiríonn fíor-neamhshuim sa bheatha dhaonna. Dá nglacfaí leis an moladh seo d'fhéadfaí duine a chiontú as dúnmharú dá leagfadh sé/sí pléascán i gceap gnóthach oifigí is dá marófaí duine dá bharr cé gurb é an príomhaidhm a bheadh aige/aici ná damáiste coiriúil a dhéanamh seachas duine a ghortú nó a mharú.

Tugann an Coimisiún an moladh céanna a thug siad 10 mbliana ó shin nuair a dúirt siad gur chóir go gcuirfí ar ceal an pianbhreith éigeantach saoil le haghaidh cásanna dúnmharaithe. Dá ndéanfaí é seo d'fhéadfaí na héagsúlachtaí maidir le ciontacht mhorálta a chur san áireamh sna cineálacha éagsúla dúnmharuithe.

Maidir le gníomhartha mídhleathacha baolacha dúnbhásaithe, molann an Coimisiún go gcoimeádfaí na príomheilimintí atá ann cheana féin, i. gur cion choiriúil é an beart ar thrúig bháis é agus atá ina bhaol corpartha do dhuine eile, agus gur bheart é a cheapfadh gnáthdhuine réasúnta go bhfuil sé baolach, is é sin le rá, gur dócha go ndéanfadh sé dochar corpartha do dhuine. Molann sé lena chois sin, áfach, nach nglacfaí leis gur beart mídhleathach baolach dúnbhásaithe iad na bearta a dhéantar d'aon ghnó ach atá ar leibhéil íseal foréigin ach go ndéanfaí iad a n-ionchúiseamh faoi chion nua 'ionsaí ar thrúig bháis é'.

Molann an Coimisiún freisin gur chóir na príomheilimintí den tslat tomhais atá ann faoi láthair maidir le 'mórfhaillí dúnbhásaithe' a choinneáil, is é sin le rá go mba fhaillí an-mhór an fhaillí a ba chúis le bás an íospartaigh agus gur bhain baol mór leis go ndéanfaí dochar mór pearsanta do dhaoine eile. Deir siad lena chois sin, áfach, nár chóir go mbeadh duine faoi dhliteanas ach amháin má bhí sé de chumas aigne agus coirp aige nó aici an baol báis a thuiscint agus é a sheachaint ag am an bhásaithe.

Maidir le cionta a bhaineann le tiomáint, molann an Coimisiún go gcoinneofaí

**Tugann an Coimisiún an moladh céanna a thug siad 10 mbliana ó shin nuair a dúirt siad gur chóir go gcuirfí ar ceal an pianbhreith éigeantach saoil le haghaidh cásanna dúnmharaithe. Dá ndéanfaí é seo d'fhéadfaí na héagsúlachtaí maidir le ciontacht mhorálta a chur san áireamh sna cineálacha éagsúla dúnmharuithe.**

an choir 'tiomáint chontúirteach is trúig bháis' mar aon le coir níos tromchúisí na dúnorgana. Ní fhéadfaí tiománaithe a chiontú as dúnorgain ach amháin dá mbeadh mórchiontacht i gceist, nuair a bheadh spraoithiomáint nó leibhéil arda alcóil nó luas ard i gceist, mar shampla. Molann an Coimisiún go gceapfaí cion nua 'tiomáint gan chúram is trúig bháis' le déileáil le básuithe de bharr tiomána gan chúram.

# Coimisiún ag scrúdú bás neamhdhleathach

Ag labhairt ag seoladh na Tuarascála dúirt an Breitheamh Peter Charlton go smaoinítear ar dhúnmharú go traidisiúnta mar an coir bhunaidh mar gheall go

> **"Tá an claonadh i dtreo foréigin ann i ngach duine agus is é an rud go gcaithfidh an sochaí a dhéanamh ná a bhriseadh amach a rialú, ach ní fáth maith go leor é sin ann féin chun an sainmhíniú ar dhúnmharú a shíneadh, mar gheall gur féidir an argóint a dhéanamh gur leor dúnorgain, agus an pianbhreith lánroghnach suas go príosúnacht saoil a théann léi."**

dtuilleann an urchóid mhorálta atá de dhlúth agus d'inneach in ionsaí d'aon ghnó ar bheatha daonna an pionós bunaidh, agus uathoibríoch faoi láthair, de phríosúnacht saoil. Lean sé ar aghaidh "feictear domsa gur féidir an argóint a dhéanamh, más rud é go n-athraítear an sainmhíniú atá ar dhúnmharú chun an éagóir mhorálta atá i gceist leis a leathnú amach i bhfábhar foirmeacha dúnbhásaithe eile, foirmeacha atá níos lú b'fhéidir, ansin go gcaithfear an pionós uathoibríoch de phriosúnacht saoil a athrú freisin i bhfábhar phianbhreith

> **"Caithfidh an dlíodóir is gairmiúla fiú tagairt a dhéanamh de go leor píosaí reachtaíochta ó go leor réimsí an t-am ar fad agus fiú amháin ansin fágtar gach duine againn leis an meath misnigh sin 'an bhfuil sé i gceart agam?'**

lánroghnach."
Ansin bíonn na cásanna sin ann ina ndeir an cúisí go raibh sé 'ag múineadh ceachta' don éagach nuair a d'ionsaigh sé é/í, nó nuair a d'íoc sé le go n-ionsófaí é/í, mar a tharlaíonn i go leor cásanna sa lá atá inniu ann. "Cén fáth ar chóir don chúisí a bheith faoi sciath ón rud a dtabharfadh an gnáthdhuine dúnmharú air ag sainmhíniú nach aithníonn cé chomh éagóireach atá sé greim a fháil ar bheatha dhuine eile agus é a chur i gcothromaíocht ar phointe an bháis ar mhaithe le do shásamh saobh? Buama a chur i dtraein plódaithe nó teach tábhairne, nó ceap oifigí a phléascadh suas, is rudaí iad seo a raibh ar phobail timpeall na hEorpa dul i ngleic leo agus tarlóidh na rudaí seo arís. Is í fírinne an scéil ná go bhfuil go leor cásanna mar sin taobh amuigh den sainmhíniú ar dhúnmharú mar atá sé faoi láthair, má bhíonn bás mar thoradh orthu. Cheapfadh go leor daoine ciallmhara go bhfuil sé sin éagothrom. Tar éis go leor tosuithe lochtacha, cuimsíonn an dlí maidir le hintinn ceist shimplí anois: an raibh sé ar intinn ag an gcúisí seo duine a mharú nó a ghortú go dona? Is é an príomhbhuntáiste atá leis an scrúdú seo ná chomh díreach agus atá sé.

Ag labhairt faoi chódaíocht an dlí sa réimse seo mar a mholtar sa dréacht-Bhille atá ceangailte leis an tuarascáil, dúirt an breitheamh, "Dá mbeadh na cineálacha Achtanna sin sa dlí seo againne d'fhéadfaimis cód coiriúil a thógáil go tapaidh. Céard atá ann in áit sin? Bhuel, cúig nó sé d'Achtanna ar leith faoi phléascáin, cúig nó sé d'Achtanna ar leith faoi airm tine, agus roinnt Achtanna casta ar chionta gnéis áit nach bhfuil sainmhínithe caighdeánacha i gceann ar bith acu seo maidir le hintinn ná le meargántacht ná le heolas."

"Caithfidh an dlíodóir is gairmiúla fiú tagairt a dhéanamh de go leor píosaí reachtaíochta ó go leor réimsí an t-am ar fad agus fiú amháin ansin fágtar gach duine againn leis an meath misnigh sin 'an bhfuil sé i gceart agam?'
Cheap mé i gcónaí gurb é an bealach chun cód coiriúil réasúnach, seachas ceann foirfe nó uilechuimsitheach, a



An Breitheamh Peter Charleton agus an Breitheamh Catherine McGuinness ag freastal ar sheoladh na Tuarascála.

thosú ná trí réimse coireachta a thógáil, cosúil le cionta gnéis nó pléascáin nó, mar atá againn anseo, dúnbhású, agus an reachtaíocht difriúil ar fad a chur le chéile in aon Acht amháin, an rud céanna a dhéanamh le réimse eile, agus ansin trí úsáid a bhaint as sainmhínithe comónta ar mheargántacht, ar intinn agus ar fhaillí coiriúil, cód a bhfuil comhsheasmhacht dúchais aige a thógáil de réir a chéile.

> **"Luath nó mall, beidh éagóir tromchúiseach ann de bharr chomh hilroinnte agus atá ár reachtaíocht."**

"D'fhéadfadh an tuarascáil seo, leis na moltaí grinne agus na sainmhínithe soiléire reachtúla atá inti, a bheith mar áit iontach chun tús a chuir leis agus taispeántar sa tuarascáil chomh maith agus a d'fhéadfadh an córas sin oibriú."

**Tá cóip iomlán den méid a dúirt an Breitheamh Charleton ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais *www.lrc.ie***

# Na Cúirteanna trí chliceáil

**Bhí an spotsolas ar ríomhRialtas le déanaí nuair a nochtaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, John Purcell, ina thuarascáil gur tréigeadh go leor príomhthionscadail nó nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán iad. Agus mionscrúdú á dhéanamh ar iarrachtaí ó chomhlachtaí poiblí éagsúla, ceistíonn Luke O'Neill céard a bhí ar siúl ag an tSeirbhís Chúirteanna sa réimse tábhachtach seo de sholáthar seirbhíse, trí shúil a chaitheamh ar ríomh-thionscadail atá i bhfeidhm cheana féin agus iad sin atá le seoladh amach anseo:**




Is beag rud nach féidir a dhéanamh ar líne na laethanta seo agus bíonn tomhaltóirí ag súil anois le seirbhísí ar líne d'ardchaighdeán óna gcuid comhlachtaí poiblí. Cruthaíonn éagsúlacht na hoibre dúshláin d'oifigí cúirte chun an rogha a chur ar fáil don phobal dul i mbun a gcuid gnó ar líne.

Nuair a bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna i 1999, ní raibh ach roinnt bheag córais TF in úsáid sna cúirteanna agus roinnt bheag infreastruchtúr TF do ghnó cúirte. Theastaigh an t-infreastruchtúr agus na córais riachtanacha a chur in áit sula rabhthas in ann seirbhísí ríomhRialtais a sholáthar. Leis an gcúlra seo, is féidir breathnú ar an infreastruchtúr atá in áit anois chun gur féidir forbairt bhreise a dhéanamh ar ríomh-thionscadail mar rud mór atá bainte amach.




Ach ní fhanann teicneolaíocht ina stad de ghnáth. I dtimpeallacht cuntasachta agus trédhearcachta atá ag dul i dtreise, tá éileamh an phobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis fós ag fás. Tá rochtain fíor-ama ar fhaisnéis cháis ag teastáil ón bpobal agus ó chleachtóirí dlíthiúla.

Dár ndóigh, tá go leor leasanna ann don tSeirbhís Chúirteanna de bharr tionscadail ar líne a chur ar fáil. D'fhéadfadh laghdú ar an méid a mbítear ag brath ar dhoiciméid pháipéir, laghdú san éileamh ar fhoireann breise, nó an tslándáil bhreise a chuireann bainistíocht leictreonach ar thaifid na gcúirteanna ar fáil a bheith i measc na leasanna sin.

Tionscnamh suntasach ríomhrialtais amháin atá ag tarlú faoi láthair is ea na ríomh-fhíneálacha a ligean d'úsáideoirí cúirte fíneálacha a íoc go leictreonach. Tá córas pílótach inmheánach á rith faoi láthair ag Oifig Chuntais na gCúirteanna chuige seo, córas a ligfidh do dhuine ordú fíneálacha ar bith de chuid na Cúirte Dúiche a íoc amach anseo.

Ar dtús beidh an tseirbhís ar fáil d'úsáideoirí cúirte in oifigí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i Sligeach, sa Nás, i nDroichead Átha agus i bPort Láirge, agus leathnófar rochtain amach chuig dhá oifig nua gach mí. Gheobhaidh an duine ar gearradh fíneáil air/uirthi Fógra Fíneálacha, ina mbeidh an tsuim atá dlite agus uimhir aitheantais phearsanta uathúil ar féidir leis í a úsáid chun rochtain a fháil ar a chuid sonraí trí láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, www.courts.ie.

Ar go leor bealaí is é an láithreán gréasáin an baile atá ag na ríomh-thionscadail éagsúla seo ar fad. Leanann sé ar aghaidh ag feidhmiú mar thairseach do thionscadail chúirte ar líne. Ciallaíonn an fhorbairt atá déanta air mar mhol faisnéise agus seirbhíse gur féidir rochtain a fháil leis an láithreán seo ar Éilimh Bheaga Ar Líne, ar chuardaigh ar chásanna Ard-Chúirte, ar bhreithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí agus ar fhoirmeacha cúirte éagsúla. Go gairid amach anseo, cuirfear ríomh-fhíneálacha le liosta na seirbhísí ar líne, ag ligean do chustaiméirí fíneálacha a íoc ó áit ar bith ina bhfuil ríomhaire agus rochtain ar an idirlíon acu.

Is féidir buneolas cosúil le suíomhanna cúirte agus uimhreacha teileafóin a fháil ar an láithreán. Tá rannóg ann a chuireann léarscáileanna ar fáil de réir oifig ghnó agus dlínse, atá ar fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. Is féidir le duine ar bith a thiocfaidh os comhair cúirte faisnéis a fháil anseo. Is féidir le giúróirí, mar shampla, fáil amach faoi rialacha incháilitheachta agus faoi fheidhmeanna na ngiúróirí.

I 2007, bhí Éilimh Bheaga Ar Líne ar cheann de na tionscnaimh ríomhrialtais a raibh borradh faoi (féach an tuairisc nuachta, leathanach 12). Faoin mhí seo chugainn beidh sé ar fáil d'úsáideoirí cúirte ar fud na tíre. D'fheabhsaigh sé rochtain ar chúirt na n-éileamh beag go mór do thomhaltóirí. Mhéadaigh líon na n-éileamh beag de 16 faoin gcéad sa 22 oifig inar cuireadh an córas i bhfeidhm iontu go dtí seo.

Bíodh is go bhfuil ionad ar líne ag obair na Cúirte Dúiche leis na hÉilimh Bheaga, tá an rud céanna ag an Ard-Chúirt leis an áis cuardaigh Ard-Chúirte ar líne a seoladh le déanaí. Ciallaíonn an inneall cuardaigh seo gur féidir leis an bpobal, le dlíodóirí agus leis na meáin cuardach a dhéanamh ar chásanna Ard-Chúirte, de réir uimhreacha taifid. Mura bhfuil an uimhir thaifid ar eolas acu is féidir leo cuardach a dhéanamh de réir Iarratasóra nó Freagróra. Is acmhainn bhreise í an tseirbhís d'iriseoirí cúirte, do chomhfhreagraithe dlí agus d'iriseoirí eile, a d'fhreastal ar sheimineár faoin gcóras nua i lár mhí Eanáir.

Beidh leas ann d'Oifig an Ard-Aighne, do Phríomh-Aturnae an Stáit, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, do na Coimisinéirí Ioncaim agus do chléirigh dlí chun stádas cásanna a sheiceáil. Tá an t-éileamh ar fhoireann bhreise i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte laghdaithe aige agus ciallaíonn sé gur féidir leis an bpobal cuairt ar an deasc poiblí a seachaint trí rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ar a gcaothúileacht.

Ós rud é gur féidir le húsáideoirí rochtain a fháil freisin ar bhreithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, is amhlaidh anois gur féidir le cleachtóirí dlí, leis na meáin agus leis an bpobal cás a leanúint ón dtús go dtí go dtugtar an breithiúnas. Tá rochtain éasca do bhreithiúna, abhcóidí, aturnaetha agus do dhaoine eile san earnáil dlí mar gheall ar go bhfuil breithiúnais nua Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí á n-uaslódáil go rialta.



Ag searmanas na nGradam ríomhRialtais: Líne chúil ó chlé: Tony Lawlor, An Oifig Faisnéise, John O'Neill, Stiúrthóireacht TFC, Brendan Ryan, Stiúrthóir, Seirbhísí Corparáideacha, PJ Fitzpatrick, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Colm Ormond, Stiúrthóireacht TFC, Michael Byrne, a bhíodh sa Stiúrthóireacht TFC. Líne thosaigh, ó chlé: Síle O'Neill, David Crinion, Helen Priestley (iad ar fad ón Oifig Faisnéise), Declan Tuite, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Catriona Nangle, an Oifig Faisnéise.

## An bua ag láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag na Dámhachtainí ríomhRialtais

Bhí toradh ar an obair chrua ar fad nuair a bhain láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna amach an bua sa chatagóir 'Eagraíocht Stáit is Fearr' sna gradaim ríomhRialtais le déanaí. Tugann na dámhachtainí seo aitheantas dóibh siúd a chuir go mór le seirbhísí ríomhRialtais na hÉireann. Aithnítear an buaiteoir mar an comhlacht stáit ar éirigh leis leas a bhaint as TFC chun seirbhísí, faisnéis agus éifeachtúlacht níos fearr a chur ar fáil dá lucht úsáidte (go hinmheánach agus go seachtrach araon). I measc na bpríomhghnéithe sa phróiseas chun iad a mheas bhí nuálaíocht, cúram custaiméirí feabhsaithe, méadú san éifeachtúlacht, rochtain ar fhaisnéis áitiúil nó acmhainní a chaomhnú, simplíocht nó éascaíocht úsáidte agus réiteach fadhbanna.

"Bhíomar thar a bheith sásta an gradam mór seo a bhaint amach," arsa an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin PJ Fitzpatrick ag an searmanas. "Is comhartha ómóis d'obair chrua agus don tiomantas d'ardchaighdeán atá ag ár bhFoireann Forbartha don Láithreán Gréasáin agus acu iad siúd ar fad a chabhraíonn leo, go hinmheánach agus go seachtrach. Mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí is féidir le lucht úsáidte na gcúirteanna leas a bhaint as faisnéis chuimsitheach ar na cúirteanna agus rochtain a fháil ar raon seirbhísí ar líne."

Is iad an Public Sector Times agus Elucidate, comhairleacht straitéiseach ar líne a oibríonn le heagraíochtaí móra poiblí agus príobháideacha, a eagraíonn na gradaim.

# Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna ina bhuaiteoir i gcomhair Sármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí

**Agus muid ag dul i gcló cloisimid go bhfuil Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna ar cheann de 20 buaiteoir Ghradaim um Shármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí (Public Service Excellence Award).**

Is é atá i gceist sa Tionscadal ná oibríochtaí cuntasaíochta a lárú i gcomhair na n-idirbheartanna airgeadais ar fad in oifigí na Cúirte Dúiche agus ionad seirbhíse roinnte a bhunú d'idirbheartanna airgeadais na Cúirte Dúiche ar fad. Tá an áis chun fíneálacha a íoc ar líne ina chuid thábhachtach den Tionscadal (féach leathanach 10). Cuireadh tús leis an gcéim píolótach de Thionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna i mí Feabhra 2007 agus bhí sé ar siúl go rathúil go dtí mí Mheán Fómhair. Beidh an rolladh amach iomlán chuig oifigí na Cúirte Dúiche curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana seo chugainn.

## Gradaim um Shármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí

Eagraítear na gradaim seo gach dara bliain chun aitheantas agus luach saothair a thabhairt ar shamplaí de shármhaitheas maidir le seachadadh seirbhíse poiblí agus/nó riarachán a chur ar fáil, go díreach ag seirbhísigh poiblí. Is féidir leis na ranna Rialtais agus na comhlachtaí seirbhís poiblí ar fad tionscadail a ainmniú. Cuireadh 183 tionscadal isteach ar na gradaim an uair seo le 44 ar an ngearrliosta sular fógraíodh na buaiteoirí deiridh.

Tá dhá imeacht mór á n-eagrú mar chuid de phróiseas foriomlán na ngradam. Beidh an chéad cheann ar siúl ar an 2 Aibreán i Sligeach áit a chuirfidh gach ceann den 20 foireann a bhain amach gradam a gcuid tionscadail i láthair. Ina dhiaidh sin beidh an príomhchomhdháil agus searmanas bronnta na ngradam i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 18 Aibreán.

Beidh Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna i láthair ag an gcur i láthair agus beidh tuairisc iomlán againn in eagrán mhí an Mheithimh.

Comhghairdeas le Shay Keary, leis an bhfoireann in Oifig Cuntas na gCúirteanna agus le hoifigí na Cúirte Dúiche ar fad a úsáideann Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna.

# An Seomra Cúirte Digiteach

**Agus conradh €16.1 milliún sínithe aici, tá an tSeirbhís Chúirteanna ullamh anois chun córais taifeadta dhigitigh fuaime a úsáid sna seomraí cúirte. Tabharfar na córais isteach ar bhonn píolótach i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i gCill Mhantáin. Cad is taifeadeadh digiteach fuaime ann mar sin agus cén chaoi a n-oibríonn sé? Cé a bhainfidh tairbhe as? Tugann Gerry Curran freagra ar na ceisteanna sin:**



I láthair ag síniú an chonartha le haghaidh Tionscadal an Chórais Taifeadta Dhigitigh Fuaime, bhí (ina seasamh) ó chlé: John Walsh, Alan Moynihan, Declan Parker, Tony O' Malley (iad go léir ó Fujitsu), John Coyle, Ciaran Caverly, Darach Green (iad go léir ón Stiúrthóireacht Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ) agus ina suí ó chlé Regina Moran, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fujitsu and PJ Fitzpatrick, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna.

Is féidir imeachtaí cúirte a thaifead le taifeadadh digiteach fuaime (Digital Audio Recording – DAR). Tiontaítear an comhartha analógach ó na micreafóin go comhartha digiteach agus déantar é a shábháil ar ríomhaire faoi a mar a shábháiltear aon chomhad ríomhaire eile. Is féidir an comhad seo a aisghabháil ar ball chun athscríbhinn a dhéanamh de, i rith na hoíche nó uair ar bith eile. Is féidir an comhad a sheinm sa seomra cúirte, in oifig an bhreithimh nó lasmuigh den chúirt agus is féidir é a thaifead ar CD nó ar mheán eile cosúil leis. Úsáideann DAR córas logáilte chun idirdhealú a dhéanamh idir na cainteoirí éagsúla sa seomra cúirte. Suíonn logálaí fostaithe ag Fujitsu Services Ltd sa seomra cúirte a bhfuil córas DAR in úsáid ann agus logálann sé ainm gach cainteora agus gach mórimeacht eile sa trial. Cuirtear an t-am le gach iontrál logáilte. Tugtar cainéal faoi leith do gach cainteoir agus déantar na sonraí a logáil de réir mar a thagann cainteoirí eile i láthair. Sa chaoi sin bíonn log na gcainteoirí le dul le gach comhad fuaime.

Is féidir na taifeadtaí digiteacha a chuardach go randamach nó na logaí a úsáid, rud nach féidir a dhéanamh i gcás téipeanna ar ghá éisteacht leis na codanna i ndiaidh a chéile. Cuireann sé seo ar chumas na mbreithiúna agus na gcleachtóirí cúirte éisteacht le míreanna fianaise faoi leith agus leas á bhaint as an stampa ama, nóta loga nó critéir éigin eile chuige sin.
Is iad seo a leanas na Cúirteanna a roghnaíodh don treoirthionscadal:

- An Phríomh-Chúirt Choiriúil – Cúirt Uimh. 1 sna Ceithre Cúirteanna
- An Chúirt Choiriúil Chuarda – Cúirt Uimh. 25 sna Ceithre Cúirteanna
- An Chúirt Choiriúil Chuarda – An Teach Cúirte, Sráid Washington, Corcaigh agus
- An Chúirt Choiriúil Chuarda – An Teach Cúirte, Bré, Co. Chill Mhantáin.

Déanfar taifeadadh digiteach fuaime a shuiteáil freisin i gCúirt Uimh. 28 sna Ceithre Cúirteanna le cabhrú leis na breithiúna agus le daoine eile é a fheiceáil i seomra cúirte sula gcuirtear an treoirthionscadal ar siúl. Deanfaidh an tSeirbhís córas so-iompartha taifeadta a thástáil i foirm phíolótach chun riachtanais thaifeadta na gcúirteanna a shásamh i gcásanna ar gearrfhógra.

Bhí sé seo le rá ag Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, PJ Fitzpatrick agus é ag tagairt do na forbairtí is déanaí seo: "Tá níos mó agus níos mó de lucht riartha na gcúirteanna ar fud an domhain ag dul i dtreo sholáthar na seirbhísí leictreonacha. Céim mhór chun tosaigh maidir le nuachóiriú na gcúirteanna is ea tabhairt isteach an chórais taifeadta dhigitigh fuaime."
I láthair ag síniú an chonartha le haghaidh Tionscadal an Chórais Taifeadta Dhigitigh Fuaime, bhí (ina seasamh) ó chlé: John Walsh, Alan Moynihan, Declan Parker, Tony O' Malley (iad go léir ó Fujitsu), John Coyle, Ciaran Caverly, Darach Green (iad go léir ón Stiúrthóireacht Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ) agus ina suí ó chlé Regina Moran, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fujitsu and PJ Fitzpatrick, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna.

# Ag éirí go breá i gcónaí le hÉilimh Bheaga ar Líne

**Chuaigh sé shuíomh eile ar líne i mí na Nollag anuraidh agus ba chóir go mbeidh seirbhís um Éilimh Bheaga ar líne le fáil ar fud na tíre ó dheireadh mhí Aibreáin.**

Beidh lucht na gcúirteanna sa Nás, Muineachán, Leitir Ceanainn, Longfort, Sligeach agus Cill Chainnigh in ann éilimh bheaga a dhéanamh anois trí dhul ar an idirlíon. Tá 22 suíomh ann inar féidir Éilimh Bheaga a dhéanamh ar líne anois de thoradh an mhéadaithe seo.

D'éirigh go breá leis an tionscadal seo ó cuireadh tús leis ar bhonn píolótach i 16 oifig ar fud na tíre i Samhain 2006. Tharla méadú 28% ar mhéid iomlán na n-éileamh sna hoifigí i mBaile Átha Cliath, Sord, Dún Laoghaire, Bré, Ceatharlach, An Cabhán, Cloich na Coillte, Corcaigh, Cill Airne, Luimneach, Lios Tuathail, Malla, Trá Lí, Baile Átha Troim, Loch Garman agus i gCaisleán an Bharraigh ó thosaigh siad ag próiseáil na n-éileamh ar líne.

Fuarthas 2,145 éileamh bailí le linn naoi mí tosaigh na bliana 2007 sna 16 oifig den chéad grúpa triallach agus ba iarratais ar líne 1,000 díobhsan. Thug na hoifigí seo le fios gur déileáladh ar líne le 46% de na hiarratais go léir a fuarthas le linn naoi mí tosaigh na bliana 2007.

Táthar á thuar go dtiocfaidh fás ar líon na n-iarratas de réir mar a fheiceann daoine gur féidir leo a n-iarratas a phróiseáil ar líne is nach gá dóibh teacht isteach go hoifigí na cúirte. Rinneadh 2,990 iarratas san iomlán sa bhliain 2006 (iarratais ar pháipéar san áireamh); rinneadh 2,705 iarratas le linn na bliana 2005.

Tógann sé níos lú ná sé mhí ar an meán le déileáil leis na hiarratais seo. Maidir le breis agus trí cheathrúna de na hÉilimh Bheaga ba i bhfabhar an phobail a réitíodh iad nó a rinneadh dámhachtain. Ba iad éilimh maidir le laethanta saoire, earraí leictreacha, trealamh fuaime agus ríomhairí, gluaisteáin agus troscán faoi seach na cúig chineál éileamh beag ba choitianta.

Nuair a bheidh córas na nÉileamh Beag ar Líne le fáil ar fud na tíre beidh daoine a bhfuil gearán acu in ann:

- A n-iarratais um Éilimh Bheaga a lóisteáil ar líne agus ní bheidh orthu dul go hoifig na Cúirte Dúiche gar dóibh nó dul i dteagmháil léi
- An táille chúirte chuí a íoc ar líne
- Má úsáideann siad a n-uimhreacha aitheantais phearsanta (UAP) chun an córas a rochtain féadfaidh siad monatóireacht a dhéanamh ar a n-iarratas agus é ag gluaiseacht trí phróiseas na n-éileamh beag.

# Cúrsaí dlí teaghlaigh á dtuairisciú i gcónaí






Tá cúrsaí neamhnaithe agus achomhairc agus roinnt réimsí eile á bplé sna tuarascálacha a foilsíodh le déanaí faoi na cúirteanna dlí teaghlaigh. Tugann siad léiriú freisin ar mhéid na hoibre atá á dheanamh sa Chúirt Dúiche.

Tá na tuairiscí san imleabhar is déanaí de 'Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh' ag leanacht ar aghaidh leis an tionscadal tuairisce faoin dlí teaghlaigh a thug an Dr. Carol Coulter faoi anuraidh. Mhol sí go leanfaí ar aghaidh leis an tionscadal go ceann bliana eile. Ghlac Bord na Seirbhíse Cúirteanna leis an moladh sin agus thug siad le fios go bhfoilseofaí trí eagrán eile de 'Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh' sa bhliain 2008 agus go n-úsáidfí an mhodheolaíocht chéanna is a bhí ag an Dr. Coulter.

**Díríonn an tionscadal ar fhaisnéis a sholáthar do chleachtóirí dlí, do na meáin, do thaighdeoirí agus don phobal i gcoitinne faoi fheidhmiú an chórais dlí teaghlaigh inár gcúirteanna.**

Díríonn an tionscadal ar fhaisnéis a sholáthar do chleachtóirí dlí, do na meáin, do thaighdeoirí agus don phobal maidir le feidhmiú an chórais dlí teaghlaigh inár gcúirteanna. Bhíothas ag súil go gcuirfí deireadh leis an aineolas atá ann faoi na cúirteanna dlí teaghlaigh, agus go dtabharfaí léargas luachmhar ar an gcaoi a fheidhmíonn na cúirteanna dlí teaghlaigh ó lá go lá.

Ina trí eagrán de Chúrsaí an Dlí Teaghlaigh, rinne an Dr. Coulter é seo trí rogha tuairiscí ó chásanna a éistíodh sna trí dhlínse a sholáthar – siadsan an Ard–Chúirt, an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche. Sholáthair sí eolas maidir le breithiúnais a bhí tugtha mar aon le hanailís staitistiúil ar roinnt cuarda i rith Dheireadh Fómhair 2006. D'aibhsigh na foilseacháin seo roinnt saincheisteanna, lena n–áirítear an t–ualach oibre trom atá ar an gCúirt Dúiche agus í ag déileáil le dlí teaghlaigh agus le ceist thábhachtach na n–iarratas um chúram leanaí. Foilsíodh cuntais ar feabhsúcháin thábhachtacha atá á ndéanamh le cuidiú le dlíthithe clabhsúr a chur le cásanna dlí teaghlaigh mar aon le cuntais ar dhul chun cinn na gcásanna agus an ról is féidir a bheith ag an idirghabháil sa dlí teaghlaigh.

Úsáidtear an cur chuige céanna sa bhfoilseachán is déanaí. Tá tuairiscí ann faoi cheist chonspóideach an neamhnithe agus faoi achomhairc ón gCúirt Dúiche chuig an gCúirt Chuarda mar aon le rogha cásanna ó Chúirteanna Cuarda ar fud na tíre. Tá an ceathrú cuid den anailís staitistiúil a rinne an Dr. Coulter maidir le mí Dheireadh Fómhair 2006 ann mar aon le radharc ar ghnáthlá gnóthach i gCúirt Dúiche an Náis.

Mar is iondúil i bhfoilseacháin an Dochtúra Coulter, tá agallamh aici i 'Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh' le Michael Culloty ón tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (Money Advice and Budgeting Service –MABS). Tugann sé cuntas ar an tionchar is féidir a bheith ar staid airgeadais daoine nuair a scarann lánúin ó chéile agus na rudaí a dhéanann MABS le cabhrú leo siúd a iarrann comhairle orthu.

**Déanfaidh coiste faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Nicholas Kearns na Cúirte Uachtaraí athbhreithniú ar an Tionscadal Tuairisce faoin Dlí Teaghlaigh i gceann 12 mhí mar chuid den obair a bhíonn ar siúl acu.**

**Déanfaidh an coiste na moltaí atá sa Tuarascáil ar Thionscadal Tuairisce faoin Dlí Teaghlaigh a mheas, chomh fada agus a bhaineann siad leis an tSeirbhís Chúirteanna, agus déanfaidh siad moltaí maidir lena bhforfheidhmiú.**

**Rachaidh siad i gcomhairle le hUachtaráin agus le Breithimh na gcúirteanna faoi na moltaí agus déanfaidh siad a gcuid moltaí féin de bharr na gcomhairliúchán sin.**

Beidh cuntas ar chásanna dlí teaghlaigh ó áiteanna ar fud na tíre sna heagráin amach anseo de 'Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh' mar aon le tuilleadh treochtaí agus staitistic, agus agallaimh le daoine ar spéis leo an réimse achrannach dlí seo.

**Is féidir cóipeanna de 'Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh' a fháil ó Oifig Faisnéise na Seirbhís Chúirteanna, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teileafón: 01-8886462. Ríomhphost: PublicationsUnit@courts.ie. Is féidir é a fháil freisin sa chuid 'Foilseacháin' de www.courts.ie**

# Osclaíodh Teach Cúirte Mhainistir Fhear Maí san Ionad Cathartha a chosain €7 milliún

**Áit taitneamhach ab ea Mainistir Fhear Maí an lá breá fuar geimhridh sin agus lucht an bhaile i mbun a ngnóthaí nuair a bhailigh na daoine ar tugadh cuireadh dóibh. Ní raibh aon rud neamhghnáthach le sonrú seachas Marc-Aonad an Gharda Síochána agus tormán héileacaptair ag tuirlingt go tapa gar do lár an bhaile. Caithfidh go raibh teach na cúirte le hoscailt...**



Ó chlé; David Colbert (an Ard-Chúirt anois), Eamonn Kiely, Bainisteoir Réigiúin an Deiscirt, An Breitheamh Michael Patwell, Brendan Ryan, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Tom Browne, Príomhchléireach, Cúirt Dúiche Mhainistir Fhear Maí.

Tháinig an tAire Dlí agus Cirt, an tUas. Brian Lenihan TD, faoi ghradam agus d'oscail sé an teach cúirte nuachóirithe i Mainistir Fhear Maí le déanaí. Rinne an tOnórach an Breitheamh Patrick Moran ionadaíocht thar cheann na Seirbhíse Cúirteanna agus ba eisean a bhí i gceannas an imeachta.

Tógadh teach cúirte Mhainistir Fhear Maí go luath sa 19ú céad agus rinneadh athchóiriú air chun áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil don phobal. Is cuid d'ollionad cathartha an bhaile anois an foirgneamh feabhsaithe agus tá dhá sheomra cúirte ann, seomraí dlí teaghlaigh agus seomra tacaíochta d'íospartaigh. Chaomhnaigh an tionscadal iomláine an struchtúir a bhí ann agus shásaigh sé riachtanais an 21ú céad maidir le slándáil, rochtain do chách agus sábháilteacht dóiteáin.


Ag fanacht leis an Aire

Ag labhairt dó ag an searmanas ag oscailt oifigiúil na cúirte, dúirt an Breitheamh Moran: "Áis nuálaíoch oiriúnaithe is ea an spás mór seo atá sean agus nua ag an am céanna, agus a léiríonn dáiríreacht obair na gcúirteanna agus meascán de rudaí atá nua agus rudaí traidisiúnta. Cuireann sé ionad breá ceartais ar fáil i Mainistir Fhear Maí i bhfoirgneamh tábhachtach athchóirithe poiblí a bhí ina sheasamh anseo agus bail éagsúla chóiríochta air ó 1808 i leith. Is cuid d'ollionad cathartha é a léiríonn ról tábhachtach an bhaile i réimsí eacnamaíochta agus poiblí an réigiúin."

## Cad atá nua i Mainistir Fhear Maí?

Is féidir le gach duine an foirgneamh seo a rochtain agus tá breis cóiríochta agus áiseanna ann anois. Áirítear sa chóiríocht:

- dhá sheomra cúirte
- seomraí breitheamh
- seomraí dlí teaghlaigh
- seomra tacaíochta d'íospartaigh
- seomraí comhairliúcháin/feithimh agus
- cóiríocht nua le haghaidh príosúnaithe - lena n-áirítear cillíní agus seomra slán agallaimh - le cóiríocht don Gharda Síochána agus don tSeirbhís Phríosúin.

Cuirfidh páirceáil slán gluaisteáin agus cóiríocht cillíní atá mar chuid den fhoirgneamh sínte a thuilleadh feabhais ar úsáidí éagsúla an fhoirgnimh. Cinnteoidh sé seo go mbeifear in ann i bhfad níos mó gnóthaí Cúirte Cuarda agus Dúiche a dhéanamh i Mainistir Fhear Maí.

Léiríodh ómós le linn an athchóirithe do charachtar, cáilíocht agus láithreacht an bhunfhoirgnimh atá 200 bliain d'aois. Baineadh an póirse chun colbha an dorais i stíl Gibbs a thaispeáint agus caomhnaíodh na saisfhuinneoga agus na doirse adhmaid.

Tá codanna nua an ollionaid, arna n-úsáid ag na húdaráis chathartha, deartha chun dealramh comhaimseartha seirbhíse poiblí sa 21ú céad a chur in iúl.



# Stair

Ba iad John Anderson agus Archibald Grubb a thóg teach cúirte Mhainistir Fhear Maí ar thaobh thoir an bhaile in 1808. Ba le John Anderson mainéar Mhainistir Fhear Maí, agus feidhm bhreithiúnach aige dá bharr. Bhí sé ina sheanascal nó ina ghiúistís ar Chúirt an Mhainéir, agus ba fheidhm í sin a bhí aige féin amháin de réir Acht 48 Sheoirse III a ritheadh i 1808 chun aitheantas dlíthiúil a thabhairt don bhaile. Bhí dlínse an dlí choiteann ag an gcúirt i leith suimeanna chomh mór le £200.

Bhí Teach na Seisiún nó Teach na Cúirte ar cheann de chéad fhoirgnimh Mhainistir Fhear Maí ina mbíodh trialacha ar siúl le linn na Ceathrú Sheisiún. Líon Giúistísí Síochána an Chontae a bhí i gceist le cúirt. Tá an cuntas seo ar Theach na Cúirte sa leabhar 'Blackwater in Munster' a scríobh O'Flanagan sa bhliain 1844:

"Fermoy possesses a fine courthouse where the magistrates preside at Petty Sessions once a fortnight and an excellent Assistant Barrister for the East Riding of County Cork, H. Baldwin Esq., QC, sits there twice a year." Giúistísí tuaithe gan pá arbh iad na Giúistísí Síochána seo agus a n-oifigí ag dul siar chomh fada le tús riail Shasana in Éirinn. Cuireadh tús le giúistísí tuaithe de chineál nua sa bhliain 1822; ba iad sin na giúistísí cónaitheacha nó 'RM' (Resident Magistrate) mar a thugtaí orthu.

Cé go bhfuil an foirgneamh athraithe go mór le 200 bliain is iomaí gné atá ann ón tseanaimsir. Meastar gurb é an troscán bunaidh atá sa seomra cúirte agus díol suntais faoi leith é an t-áiléar féachana. Airde dhá stór atá i dteach na cúirte agus tá na síleálacha déanta de phainéil adhmaid ina leatháin.



Foireann Chúirt Dúiche Mhainistir Fhear Maí ó chlé; Willie O'Connor (atá anois in Oifig Réigiúnach an Deiscirt), Anne Casey, Mary Duffy, Tom Browne.



An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Brian Lenihan, T.D. i mbun cigireachta ar an nGarda Onóra an lá sin.

# Cathaoirleach nua don Bhord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe

D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin T.D. le déanaí go gceapfaí an Breitheamh Esmond Smyth ina Chathaoirleach ar an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe. Tagann an Breitheamh Smyth i gcomharbacht ar an mBreitheamh Bryan McMahon, a bheidh ag filleadh ar an Ard-Chúirt.

Tá an Bord ar cheann de raon bearta atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas chun cabhrú le maolú éifeachtaí an mhí-úsáid páistí a d'fhulaing siad siúd a bhíodh ina gcónaí i Scoileanna Tionsclaíocha agus institiúidí cónaithe eile.

Ag fógairt an cheapacháin, thug an tAire aitheantas den obair luachmhar a bhí déanta ag an mBreitheamh McMahon. Tosaíonn sé anois ar ghnáthdhualgais lánaimseartha san Ard-Chúirt tar éis dó a bheith ceaptha don chúirt sin i mí na Bealtaine 2007.

## An Breitheamh Esmond Smyth

Is Breitheamh ex officio de chuid na hArd-Chúirte agus Breitheamh na Cúirte Cuarda é an tOnórach an Breitheamh Esmond Smyth. Ceapadh ina bhreitheamh den Chúirt Chuarda i 1992 é agus d'oibrigh sé mar bhall den Chúirt Choiriúil Speisialta.



I 1997 ceapadh mar Uachtarán na Cúirte Cuarda é i gcomhair théarma seacht mbliana. Bhíodh sé ina bhall de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna, den Bhord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha agus den Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha. Tá sé ina bhall de choiste an Chórais Faisnéise um Ghearradh Pianbhreithe na hÉireann faoi láthair.

Cheap an Rialtas ina Chathaoirleach é ar an gcoiste stiúrtha chun taifeadadh closamhairc ar agallaimh le daoine atá faoi amhras i Stáisiúin na nGardaí a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm.

Tá an Breitheamh Smyth ag freastal mar ionadaí na hÉireann ar an Líonra Eorpach de Chomhairlí Breithiúnacha. Anois ina bhall sinsearach de Bhreithiúna na hÉireann, bhíodh sé ag cleachtadh mar abhcóide ar dtús, agus saineolas aige sa dlí coiriúil agus sa dlí bunreachtúil.

# Tugtar onóir don Bhreitheamh McMahon agus filleann sé chuig binse na hArd-Chúirte

Agus an Breitheamh Bryan McMahon ag fágáil an Bhoird Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe chun filleadh ar a chuid dualgais Ard-Chúirte, thug Coláiste na hOllscoile, Corcaigh onóir dó le Gradam do Mhórghníomh Alumnus. Tugann an gradam aitheantas dá ghairmréim chéimiúil sa dlí agus sármhaitheas a chuid seirbhíse poiblí.

De bhunadh Lios Tuathail, Contae Chiarraí ó dhúchais, tá comhcheangal fada ag an mBreitheamh McMahon le UCC ag dul siar go 1967 nuair a fostaíodh don chéad uair é i nDámh an Dlí mar Léachtóir Reachtúil.

Tar éis dó cleachtadh mar aturnae ar feadh blianta fada, ceapadh an Breitheamh McMahon ina bhreitheamh ar an gCúirt Chuarda i 1999. Ceapadh ina bhreitheamh ar an Ard-Chúirt é i mí na Bealtaine 2007 leis an bhfreagracht láithreach de bheith ina chathaoirleach ar an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe. Sannaíodh go lánaimseartha chuig an Ard-Chúirt le déanaí é.

Agus an Gradam do Mhórgnímh Alumnus á bhronnadh air, luaigh an Breitheamh McMahon sliocht as dán le Pádraig Colum, 'A Poor Scholar of the Forties': "But what avail my teaching slight? Years hence, in rustic speech a phrase, As in wild earth a Grecian vase."



An Breitheamh Bryan McMahon



# LET'S LOOK AT THE LAW

**Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirte-anna,**
**Forlíonadh Speisialta**




## Deighilt na gCumhachtaí
## Finnéithe a Cheistiú
## Triail Bhréige a Eagrú

Is sraith dinimiciúil agus thar a bheith idirghníomhach é 'Breathnaímis ar an Dlí' a bhfuil sé mar aidhm aige múineadh do dhaltaí faoi réimsí ar leith den chóras dlí atá againn agus cur ar a gcumas a bheith ina saoránaigh gníomhacha de chuid na hÉireann chomh maith. Tar éis an modúl seo a chríochnú, beidh corpas eolais curtha le chéile ag na daltaí chun cur ar a gcumas triail bhréige a reáchtáil agus tionscadail ghníomhartha eile a eagrú.

Is le coincheap an 'Dlí' mar a léirítear é sa siollabas O.S.S.P. is mó a bhaineann an modúl. Pléann sé coincheapa an 'Daonlathais' agus 'Cearta agus Freagrachtaí' freisin áfach. Baineann sé, ar bhealaí, le ceithre aonad uile an tsiollabais, ach leis 'An Duine agus an tSaoránacht' agus 'An Stát – Éire' go háirithe.

Tá súil againn nach mbeidh an modúl seo teoranta dóibh siúd a bhfuil baint acu le múineadh O.S.S.P., mar tá cuid mhór ann a bheidh tarraingteach do mhúinteoirí agus do dhaltaí na hidirbhliana, do ghrúpaí óige agus d'aon duine a bhíonn ag plé le hoideachas do shaoránaigh óga na hÉireann.



Tá trí pháirt ar leith sa Phacáiste do Mhúinteoirí:

- A Teacher's Manual with step-by-step Lámhleabhar do Mhúinteoirí ina bhfuil pleananna ceachta céim i ndiaidh céime agus nótaí a théann leo le faisnéis bhreise.
- Roinnt áiseanna teagaisc – léaráidí tuairisciúla, ceistneoirí agus ceachtanna rólghlactha – ar féidir iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh sa rang.
- DVD idirghníomhach a chabhraíonn le go leor gnéithe den chóras dlí a shoiléiriú agus a mhíniú. Tá sé deartha chun tacú leis an múinteoir seachas le bheith mar fhócas an mhodúil. Is féidir é a úsáid chun coincheapa a mhíniú agus a thaispeáint go hachomair sula nglacann an rang páirt i ngníomhaíocht a bhaineann leis an gcoincheap sin.



**"Ní rud é an dlí a tharlaíonn i seomra cúirte amháin, i gcorrchás aonair. Rialálann agus forálann an dlí le haghaidh an oiread sin rudaí nach dtugaimid faoi deara é, idir an t-uisce a ólaimid, na háiseanna iompair a úsáidimid agus cheisteanna níos substaintiúla amhail an comhshaol agus cearta tomhaltóirí a chosaint. Go hachomair, fórsa dearfach sa tsochaí is ea an dlí agus is é sin an fáth go dtéimid i muinín daonlathas a bunaítear ar riail an dlí." – An Príomh-Bhreitheamh, John L Murray**

## An méid a bhí le rá ag na daltaí:

## Obair i nGrúpaí/Ord Reatha Trialach

**"Bhí sé go deas páirt a ghlacadh in obair i ngrúpaí seachas obair aonair. Ansin d'fhéachamar ar scannán gairid chun achoimre a dhéanamh ar ár gceathrú ceacht. Chabhraigh sé go mór chun an seomra cúirte agus an gcaoi a oibríonn sé a shainmhíniú." – Dalta A**

**"Thug ár múinteoir dhá bhileog faisnéise dúinn agus bhí siad an-éasca le tuiscint agus chabhraigh siad go mór i rith an ranga ar fad. D'fhoghlaimíomar ord reatha na trialach agus ról an abhcóide. Rinneamar dhá ghrúpa ansin agus tugadh cás áirithe dúinn... San iomlán thaitin an rang liom inniu agus a bheith ag obair i ngrúpa." – Dalta A**

**"D'fhoghlaimíomar faoi ord reatha i dtriail sa rang inniu. Thug sé léargas iontach dúinn ar céard a tharlaíonn, cén fáth agus cén chaoi." – Dalta B**

## Triail Bhréige

**"Shonraíomar ár gcás, thógamar na finnéithe chuig clár na mionn le cur faoi chroscheistiú, agus ansin bhí ár n-óráid dheiridh againn. Rinne an giúiré a gcinneadh ansin agus fuair siad go raibh an cúisí ciontach! Is bua a bhí ann dúinn agus bhíomar uile thar a bheith sásta mar gheall gur oibríomar an-chrua." – Dalta C**



"Soláthróidh an modúl seo deis do dhaltaí cuimhneamh go gníomhach ar an gcóras dlí. Measadh go raibh eolas ginearálta ar an dlí ina ghné shár-riachtanach d'oideachas dhuine óig san am a caitheadh agus is binn linn go mbeidh daltaí ag fáil teagaisc den sórt sin. Cabhróidh eolas ar an gcóras dlí le daltaí a bhféiniúlacht mar shaoránaigh a fhorbairt agus tuiscint níos mó a fháil ar an daonlathas ina mhairimid."
An Príomh-Bhreitheamh, John L. Murray



An Príomh-Bhreitheamh John L. Murray leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta an tUasal Mary Hanafin T.D. le daltaí ó Choláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe ag seoladh 'Breathnaímis ar an Dlí'

"Is minic a réitíodh díospóidí sa tsochaí san am a caitheadh trí dul i muinín an fhoréigin nó 'triail chatha' agus níor tharla sé gur tosaíodh ar dhíospóidí a réiteach faoi chuimsiú chóras dlí le rialuithe breithiúnacha i gcúirteanna ach de bharr gnásanna agus dlíthe a bheith ag éabhlóidiú in imeacht na gcéadta bliain."
An Príomh-Bhreitheamh, John L. Murray

"Bhain mé an-taitneamh as rang an lae inniu mar gheall gur thóg gach duine páirt sa thriail agus go raibh siad gafa ann. Bhí an croscheistiú an-mhaith agus bhí mé an-neirbhíseach faoi mar gheall go bhféadfadh botún ar bith deireadh a chur leis an triail." – Dalta D

"Rinneamar cleachtadh ar an rólghlacadh. Ba í ár múinteoir an cúisí, agus mar sin chuireamar ceisteanna uirthi. D'fhoghlaíomar faoi threoircheisteanna freisin agus faoin gcaoi nach bhfuil cead ag abhcóidí é seo a dhéanamh." – Dalta F

## Sibhialta agus Coiriúil

"Sa rang dlí inniu bhíomar ag foghlaim faoi struchtúr na gcúirteanna in Éirinn. Nuair a fuaireamar an bhileog bhí cuma casta air ach chomh luath agus a léamar tríd, bhí sé níos soiléire. Thug ár múinteoir píosa páipéir do gach grúpa le cás samhailteach air. Shocraíomar cén chúirt a rachadh sé os a chomhair agus ar chás sibhialta nó coiriúil a bhí ann." – Dalta F

"D'fhoghlaíomar faoin gcaoi nach n-éistear leis na cásanna coiriúla ar fad agus faoin gcaoi a ghníomhaíonn Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar son an Stáit agus an Ard-Aighne ar son an t-saoránaigh." – Dalta G

"Bhí plé againn sa rang faoi chásanna sibhialta agus coiriúla. D'fhoghlaim mé gur cás sibhialta é duine a thabhairt chun na cúirte mar gheall ar chúrsaí airgid nó coimeád páiste. Is cás coiriúil a bhíonn ann nuair atá coir déanta ag duine éigean." – Dalta F

## Deighilt na gCumhachtaí

"D'fhoghlaíomar inniu faoin dtrí phríomhpháirtí a dhéanann dlí na hÉireann agus d'fhoghlaíomar freisin faoin smaoineamh de dheighilt idir gach páirtí... bhí an DVD a bhí in éineacht leis an rang inniu an-úsáideach mar gheall go ndearna sé athshonrú ar gach rud a d'fhoghlaíomar sa rang mar a bheadh achoimre ann." – Dalta E

"Rinneadh tagairt don chaoi a raibh fasach ina chabhair chun dlíthe a bhunú agus an chaoi a chabhraigh sé len iad a athrú freisin. Bhuel, cé go raibh an réimse seo casta chabhraigh sé liom i ndáiríre go leor de chinntí an rialtais a thuiscint, iad sin a gcloisfeá fúthu ar an raidió! Nn difríocht iarbhír idir an Rialtas agus an Reachtas, mar shampla." – Dalta G

## Barúlacha eile

"Ceapaim go bhfuil sé deacair an dlí a shimpliú díreach mar gheall go bhfuil sé chomh mór sin le go leor réimsí difriúla ann. Ceapaim go bhfuil an modúl ag déanamh an dlí níos soiléire, rud atá ina bhuntáiste mór do dhaltaí."



An Príomh-Bhreitheamh John L. Murray leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta an tUasal Mary Hanafin T.D. le daltaí ó Scoil Ailbhe i dTiobraid Árann, ag seoladh 'Breathnaímis ar an Dlí'




**Chun pacáiste do mhúinteoirí le lámhleabhar, póstaeir agus DVD a fháil téigh i dteagmháil le:**
Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, Teil.: (01) 888 6457, Facs: (01) 873 5250, Ríomhphost: PublicationsUnit@courts.ie, Láithreán gréasáin: www.courts.ie

# Tugtar onóir don Phríomh-Bhreitheamh le fáiltiú sibhialta



An Príomh-Bhreitheamh John L. Murray le Méara Chathair Luimnigh, Ger Fahy, ag fáiltiú sibhialta a eagraíodh i Halla na Cathrach i Luimneach chun ómós a thabhairt do ghairmréim dhlíthiúil an Phríomh-Bhreithimh le dhá scór bliain anuas.

# Ar mhaith leat a bheith i d'abhcóide?

Is féidir le foireann na Seirbhíse Cúirteanna agus foireann státseirbhíse eile cáilíocht a bhaint amach arís mar abhcóide gan a ngnáthphost a chaitheadh in aeir. Tá chéim mhodúlach BL nua tugtha isteach ag Óstaí an Rí a ligfidh do dhaoine a bhfuil postanna lánaimseartha acu an cúrsa BL reatha a thógáil ar bhonn páirtaimseartha thar dhá bhliain.

Beidh ar mic léinn a bheidh ar an gcúrsa páirtaimseartha freastal gach tríú deireadh seachtaine le linn an téarma chomh maith le dhá sheachtain iomlán i rith na bliana.

Thug an Príomh-Bhreitheamh moladh as ucht an cúrsa nua a thabhairt isteach. "Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ar oiliúint don Bharra ar fáil do gach duine a bhfuil an cumas iontu a bheith ag cleachtadh, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil sé in acmhainn acu (ar chúiseanna airgeadais nó gairmréime) am a thógáil ón obair le bheith ag staidéar," a dúirt sé. Bhí Cathaoirleach Óstaí an Rí, Conor Maguire, A.S. ar aon intinn leis. "Tá go leor daoine a rachadh an oiliúint agus an cháilíocht chun tairbhe dóibh, cé nach bhfuil siad ag iarraidh a bheith ag cleachtadh ag an mBarra. Tá go leor réimsí fostaíochta sa tseirbhís poiblí, an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána, mar shampla, ina mbeadh an oiliúint a fhaightear ar an gcúrsa céime, chomh maith leis an gcáilíocht mar abhcóide, ina thairbhe don láthair oibre".

*Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin gcúrsa nua trí logáil isteach ar www. kingsinns.ie*



Gach duine ar bord! Toscairí ag Comhdháil Seirbhísí na gCeithre Chúirteanna i nGlaschú i mí Dheireadh Fómhair 2007.

# A lán feabhsuithe i dTeach an Charnáin

**Nuair a osclaíodh Oifig Dlí Teaghlaigh Theach an Charnáin tar éis obair mhór athchóirithe, labhair Terry Agnew le Príomhchléireach Chúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath agus dúirt seisean nach bhfuil sna háiseanna nua ann ach cuid de líon feabhsúchán a rinneadh le déanaí ar an oifig thábhachtach ghnóthach seo.**



Gairmréim spéisiúil ilghnéitheach atá ag John Molloy. Chaith sé seal mar oifigeach Ceardchumainn, mar oifigeach socrúcháin sa tSeirbhís Náisiúnta Daonchumhachta agus seal eile fós ag obair in Oifig an Ard-Bhailitheora. Bhí sé ag obair leis an Roinn Sláinte sula ndeachaigh sé ag obair leis na cúirteanna i 1991.

Tá dúshláin uathúla le sárú ag Oifig Dlí Theaghlaigh Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath agus saincheisteanna casta dúshlánacha iontu don chúirt. Tugann cliaint réimse saincheisteanna ar nós cúrsaí caidrimh, mothúcháin, eacnamaíocha, sláinte agus tógáil leanaí leo chuig an dlí teaghlaigh. Bíonn dúshláin faoi leith le sárú ag na breithiúna agus ag an bhfoireann dá bharr sin," arsa John Molloy. "Má táthar le dul i ngleic leo go rathúil ní mór idirspleáchas criticiúil a bheith ann idir na breithiúna agus lucht riaracháin – comhpháirtíocht bunaithe ar mhuinín agus ar chomhoibriú. Caithfimid a thuiscint gur mian leis an cliant go dtabharfar freagra ar a (h)iarratas go tapaidh agus go héifeachtach."

Creideann John gur gá don tSeirbhís Chúirteanna agus d'eagraíochtaí seirbhísí poiblí eile seirbhís éifeachtach d'ardchaighdeán a chur ar fáil do na cliaint. Tá na blianta fada caite aige i Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath agus fuair sé amach go raibh intinn oscailte ag an bhfoireann, go raibh siad sásta oibriú i gcomhar le chéile agus rún acu aon rud a dhéanamh a chuirfeadh seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil do lucht úsáidte Oifig an Dlí Teaghlaigh.

**Ba iad an dá athrú ba mhó a chonaic John sa tréimhse seo ná achtú an Achta um Fhoréigean Baile sa bhliain 1996 agus bunú na Seirbhíse Cúirteanna i 1999.**

Ba iad achtú an Achta um Fhoréigean Baile i 1996 agus bunú na Seirbhíse Cúirteanna i 1999 an dá athrú ba mhó a chonaic sé agus é ag obair san Oifig. D'athraigh an dá rud seo an cur chuige maidir le gnó a dhéanamh.

**Cén difríocht atá déanta ag an tSeirbhís Chúirteanna?**

"Leag sí béim ar chur chuige straitéiseach chun gnóthaí a dhéanamh," arsa John. "Tá an-dul chun cinn déanta againn maidir le tabhairt isteach tionscnamh mar chórais nua teicneolaíocht faisnéise chun gnóthaí a dhéanamh, córais nua bainistithe airgeadais chun buiséid agus cistí cúirte a riaradh, oiliúint, forbairt agus deiseanna nua gairmréime chur ar fáil don bhfoireann, mar aon le rudaí mar phleanáil gnó agus bainistiú agus forbairt feidhmíochta."

Ba chabhair iad tionscadail ar nós Atheagrú ar Phróiseas Gnólachta a bhí ar siúl againn le déanaí. Rinneadh scrúdú ar an gcóiríocht oibre atá ar fáil i dTeach an Charnáin mar chuid den tionscadal sin. "D'úsáideamar cur chuige na comhpháirtíochta chuige sin. Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann agus leis na cliaint ar gach leibhéal agus in gach áit agus bhí páirt acu go léir ann," arsa John agus é ag míniú an scéil. "Lena chois sin scrúdaíomar na próisis agus na nósanna imeachta atá ann faoi láthair le fáil amach ar chuir siad seirbhís éifeachtach ar fáil do chliaint Oifig an Dlí Teaghlaigh."

"Bhaineamar leas as cabhair agus tacaíocht a thug daoine sa tSeirbhís Chúirteanna dúinn a raibh saineolas acu i réimsí mar fhorbairt eagrúcháin, theicneolaíocht faisnéise, chúrsaí foirgneamh agus chórais airgeadais. Bhí sé tábhachtach gur thug an lucht bainistíochta tacaíocht láidir dá raibh ar intinn againn a bhaint amach agus go raibh siad sásta a bheith freagrach as an tionscadal a chur i gcrích. Rinneamar deimhin de go raibh fíorpháirt ag an bhfoireann tríd síos agus leagamar síos spriocanna soiléire agus torthaí le haghaidh an tionscnaimh trína ndeachamar go tapa ó bhua amháin go bua eile."

Bhí an tionscnamh dírithe ar thrí príomhghné – an foirgneamh féin, príomhréimsí oibre a rinneadh san oifig – iarratais faoin DVA, agus iarratais ar Choimeád, ar Chaomhnóireacht, ar Chothabháil agus ar Shábháilteacht Leanaí. Dhírigh sé freisin ar phatrún criticiúil oibre san oifig: obair chuntair, próisis agallaimh agus nósanna imeachta san oifig chúil – roimh, le linn agus i ndiaidh na cúirte.

**Céard atá bainte amach againn anois ó tá an tionscadal curtha i gcrích?**

**...thapaigh John an deis an fhoireann a bhíodh san oifig tráth agus iad siúd atá san oifig anois a mholadh...**

"Ar an gcéad dul síos tá áiseanna níos fearr sa bhfoirgneamh anois ionas gur féidir leis an gcliant a g(h)nó a dhéanamh i dtimpeallacht níos sábháilte. Tá rudaí beaga ann ar nós áiseanna friothála ar naíonáin, an clár leictreonach cás agus an córas fógartha poiblí a ghlaonn ar dhaoine nuair atá a gcásanna ullamh agus cabhraíonn siad seo le daoine atá tagtha go Teach an Charnáin. Tá cóiríocht i bhfad níos fearr ann do bhreithiúna agus don fhoireann. Tá réimse níos fearr seirbhísí agus faisnéise ar fáil ag daoine a thagann isteach sna oifig ag cur ceisteanna faoi dhlí teaghlaigh. Chuir próisis nua oibre agus nósanna nua imeachta ar chumas na hoifige bealaí nua a thairiscint do chliaint chun a gcuid gnóthaí a reáchtáil. Is féidir cothabháil a íoc anois le hordú seasta nó le ríomhaistriú airgid."

D'fhéach John ar na saoráidí nua iontacha atá i dTeach an Charnáin agus thapaigh sé an deis an fhoireann a bhíodh san oifig tráth agus iad siúd atá san oifig anois a mholadh de bharr a gcion féin a dhéanamh le cinntiú go mbeadh rath ar an dtionscadal. "Lean an fhoireann agus na breithiúna ar aghaidh ag comhoibriú agus ag obair nuair a bhí an tógáil ar siúl cé go raibh an foirgneamh á stracadh as a chéile," ar seisean ag cur na tréimhse sin i gcuimhne dúinn. Mhol sé freisin an comhoibriú a bhí le fáil aige ó lucht tacaíochta na Seirbhíse Cúirteanna lena n-áirítear an tAonad Oiliúna agus Forbartha, Aonad na bhFoirgneamh, agus an Stiúrthóireacht TFC.

# Oscailt oifigiúil na hOifige Dlí Teaghlaigh




Foireann Oifig an Dlí Teaghlaigh ag an seoladh, ó chlé; Ellen Foley, Seamus Glackin, Alan Byrne, Emeline Kavanagh, Madeline Moore, Maria Keaveney, Lorraine Gumley, Fiona Molloy, Ann Marie Curley, Leo Haverty, an Breitheamh Gerard Furlong.




An Clár Leictreonach Cás



Láthair nua suí



An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag gearradh an ribín ag Teach an Charnáin agus an tUachtarán Matthew Deery, An Chúirt Chuarda, An Breitheamh Gerard Furlong agus Príomhchléireach Chúirt Dúiche Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, John Molloy, ag féachaint.




Teach an Charnáin

# The Superior Courts of Law "Official" Law Reporting in Ireland 1866 – 2006: Eamonn G. Hall (arna fhoilsiú ag an Incorporated Council of Law Reporting in Ireland)



Is furasta cnaipe a bhrú na laethanta seo agus teacht ar stór mór ábhar dlí lena n-áirítear reachtanna, páipéir acadúla agus, dar ndóigh, breitheanna na gcúirteanna, ach is fiú a mheabhrú nach mbíodh an scéal amhlaidh i gcónaí. Ní féidir béim ró-láidir a leagan ar a thábhachtaí a bhfuil sé go mbeadh na breithiúnais seo le fáil go héasca, go mór mór i gcóras dlí mar atá againne atá bunaithe ar fhasach. Breithiúnais is ea iad seo a leagann síos prionsabail dlí ar a bhfuil an córas dlí bunaithe, nó tugann siad soiléiriú orthu nó déanann mionléiriú orthu.

Tugann an Dr. Hall cuntas fíorspéisiúil sa leabhar seo ar stair tuairiscithe dlí in Éirinn agus scrúdaíonn sé na constaicí a bhí le sárú. Fadhb mhór ab ea an mhoill a bhí ar thuairisciú cásanna agus is iomaí tagairt a ndearnadh di sa tréimhse atá á scrúdú aige. Lena chois sin bhíodh teannas ó am go céile idir na breithiúna agus an Incorporated Council of Law Reporting in Ireland. Scrúdaíonn an Dr. Hall an teannas seo in aiste a thugann mórchuid eolais dúinn faoi "the saga of Lord Justice Christian".

In aiste faoi idirghníomhaícht an lae inniu idir breithiúna agus tuairisceoirí, scrúdaíonn an Dr. Hall comhfhreagras idir an Law Reporting Council agus an Breitheamh Kenny, a bhí leis an Ard-Chúirt ag an am. Bhain an comhfhreagras sin le breithiúnais a mheas an Breitheamh Kenny gur chóir iad a thuairisciú agus breithiúnais eile a mheas sé nárbh fhiú a chur i dTuarascálacha na hÉireann. Agus é ag trácht ar bhreithiúnas amháin ón mBretheamh Kenny a mheas an Breitheamh a bheith tábhachtach agus a ndearnadh achomharc maidir leis, tugann an Dr. Hall ina iomláine an breithiúnas a thug an Príomh-Bhreitheamh Ó Daálaigh (mar a bhí ag an am) maidir leis an achomrarc.

"Mr. Justice Kenny has set out in his judgement the facts which he found and the principles of law which should be applied to them. I see no reason to differ from his judgment."

Cé gur stair den scoth é an leabhar seo faoi thuairisciú "oifigiúil" dlí in Éirinn tá i bhfad níos mó ann ná é sin amháin. Léiríonn an Dr. Hall gur gné lánriachtanach de riaradh an chirt é cásdlí a thuairisciú agus go gcuireann sé ar chumas na mbreithiúna agus an phobail i gcoitinne a thuiscint cad is dlí ann agus an chaoi ina bhfeidhmítear é.

Tá an Dr. Hall le moladh as a scoláireacht agus as an dianobair a rinne sé i leabhar fíorspéisiúil a sholáthar faoi stair agus obair an Incorporated Council of Law Reporting Council in Ireland.

*Tá Noel A. Doherty ina Phríomhoifigeach i Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha na Seirbhíse Cúirteanna.*

# Ná Bígí ag Breathnú ar CSI... arsa an Breitheamh leis na Giúróirí

**Tá tuairiscí tugtha go rialta againn maidir le seirbhís ghiúiré agus thugamar scéalta daoibh faoi fhorbairtí ar fud an tsaoil. Díol spéise dúinn a chloisteáil le déanaí nach maith le breithiúna sna Stáit Aontaithe go mbeadh giúróirí ag cuimhneamh ar rudaí a chonaic siad ar an teilifís agus iad sa seomra cúirte.**

Bhí tuairisc sa Cincinnati Post le déanaí go moltar do ghiúróirí gan a bheith ag breathnú ar chláir bhleachtaireachta agus iniúchacha a bhfuil tóir ag an bpobal orthu nuair atá siad i mbun seirbhíse giúiré. Tá an 'CSI Blowback' le feiceáil le deich mbliana anuas sna seomraí cúirte áitiúla. Is é an míniú a thugtar ar an téarma seo ná go mbíonn giúróirí ag súil go míréadúil le rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh le fianaise nó a bhaint den fhianaise toisc iad a bheith ag féachaint ar na cláir bhleachtaireachta fhóiréinseacha sin a bhfuil tóir an phobail orthu.

Tá cúrsaí oiliúna á ndéanamh ag a lán abhcóidí ionchúisimh anois le cabhrú leo déileáil leis an 'CSI effect'. Dúradh ag triail dúnmharaithe anuraidh go bhfuil "CSI chomh gar do chúrsaí fóiréinseacha is atá Star Trek do thuras sa spás." Tá cuid de na breithiúna sa limistéir ag glacadh le liosta clár teilifíse a ordaíonn siad do ghiúróirí gan féachaint orthu fad atá siad i mbun seirbhíse ar ghiúiré.

Deirtear go ndúirt abhcóide cosanta amháin gur aontaigh sé leis an toirmeasc ach go ndúirt sé go raibh tairbhe áirithe sna seónna sin mar go dtugann siad "léargas do dhaoine ar na cineálacha tástálacha ar féidir iad a dhéanamh - tugann sé radharc dóibh ar shaol nach bhfeicfidís sa ghnáthchúrsa." Scríobhadh in eagrán na Samhna den National Law Journal sna Stáit Aontaithe go ndúirt aturnae cosanta go gcuireann CSI le deacrachtaí obair an ionchúisitheora."
Níor cruthaíodh nádúr nó doimhneacht an tionchair seo agus bhí tuairisc sa Kansas City Star gur thug Giúiré i Missouri le fios nach raibh siad ag súil ar chor ar bith le fianaise foiréinseacha ardteicneolaíochta agus nár chuir siad a muinín go hiomlán san DNA. Rinne siad cinneadh "toisc gur cheap siad go raibh an cosantóir níos sochreidte ná an t-íospártach."



# Gearr amach agus coinnigh: Díol agus ceannach réadmhaoine

**Tá gach seans ann gurb é seo an ceannach is daoire a dhéanfaidh tú le do bheo agus ar an ábhar sin ba chóir duit a bheith an-chúramach agus tuiscint mhaith a bheith agat ar céard atá i gceist. Is í Patricia Hickey, atá ina haturnae in Oifig an Ard-Aturnae do Mhionaoisigh agus do Choimircithe Cúirte, a chuireann alt 'Gearr amach agus coinnigh' an eagráin seo ar fáil. Inseoidh sé mórchuid duit faoi réadmhaoin a cheannach nó a dhíol.**

**Tabhair faoi deara le do thoil: Ní cóir a ghlacadh leis gur ráiteas cuimisitheach dlí an t-alt seo. Treoir ghinearálta cleachtais atá ann. Ní ghlacfaidh an scríbhneoir dliteanas as aon easnamh nó míráiteas ann.**

"Bí cúramach faoi ghníomhais teidil agus ceadúnas pleanála nuair atá tú ag ceannach nó ag díol árais," arsa an t-aturnae Patricia Hickey. Is í an phríomhtheachtaireacht atá aici ná nach mór do dhaoine atá ag díol nó ag ceannach réadmhaoine a bheith cúramach. "A luaithe is a chuireann tú d'ainm le conradh gan choinníollacha tá tú faoi cheangal aige agus má fhaigheann tú amach i gceann coicíse go bhfuil rud éigin mícheart – tá an mí-ádh ort."

## Ag díol

Ba chóir do dhaoine leas a bhaint as seirbhís aturnae chun réadmhaoin a dhíol dóibh. Is gnách do ghníomhas teidil a bheith leis an gcomhlacht morgáiste. Tá sé tábhachtach brú a chur ar d'aturnae an réadmhaoin a chlárú nuair atá tú ag ceannach réadmhaoine ar an gcéad dul síos – féadfaidh sé seo dlús a chur faoin bpróiseas díolta má thagann an lá gur mian leat í a dhíol.

"Ba chóir duit cead do chéile a bheith agat má tá tú ag díol áras an teaghlaigh," arsa Patricia. "Fiú amháin murab áras an teaghlaigh atá ann beidh ort 'Dearbhú Dlí Teaghlaigh' a shíniú."

Tá tosca eile ann a d'fhéadfadh sé tarlú nár chuir tú san áireamh. An bhfuair tú aon fhógra ón Údarás Áitiúil, mar shampla? Má eisíodh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh maidir le do theach beidh comhairle d'aturnae uait faoin bhfógra atá faighte agat. Má tá an teach ligthe ar chíos ní mór duit fógra réasúnta a thabhairt do na tionóntaithe go bhfuil sé ar intinn agat an áit a dhíol. Caithfidh an t-áras atá á dhíol agat a bheith folamh in am le haghaidh an úinéarna nua (mura bhfuil an ceannaí nua sásta leanúint ar aghaidh leis an tionóntacht). Ní mór billí BSL agus táillí bruscair a bheith íoctha cothrom le dáta freisin.

"Níl aon rud chomh tábhachtach le cúrsaí pleanála i gcás réadmhaoine i láthair na huaire," arsa Patricia. "Ba chóir duit coinníoll a chur sa chonradh má tá aon athruithe déanta agat gan cead pleanála. Ní bhfaighidh an ceannaitheoir cead pleanála má tá forbairt neamhúdaraithe déanta ar an réadmhaoin agus b'fhéidir, ar an ábhar sin, gur gá cur isteach ar Chead Coinneála."




Molann Patricia do dhíoltóirí deimhin a dhéanamh de go bhfuil an réadmhaoin faoi árachas go dtí an lá a chuirtear bailchríoch an díolachán. Níor mhiste an rud é am breise a thabhairt duit féin ar an ábhar gur iondúil go gcuirtear bailchríoch ar dhíolacháin tamall i ndiaidh an ama a luaitear.

## eannaitheoir bona fide ar luach-chomaoin

Faigheann ceannaitheoir bona fide ar luach-chomaoin gníomhas maith teidil na réadmhaoine beag beann ar rudaí nár thug sé nó sí faoi ndeara. Tá sé tábhachtach go dtugtar fógra do dhaoine a d'fhéadfadh an réadmhaoin a cheannach faoi rudaí sa d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo amach anseo agus a chaithfidh tú barántas a thabhairt fúthu. Ní mór an conradh a ullmhú ar bhealach a chuirfidh ar an eolas iad faoi gach rud a bhaineann leis an réadmhaoin. Má chuirtear coinníollacha bainteacha sa chonradh ní féidir leis an gceannaitheoir a rá nár tugadh fógra ceart dó nó di.

## Ag ceannach

Tá ceannach tí ar cheann de na hinfheistithe is mó a dhéanann daoine le linn a saoil. Ar an ábhar sin tá sé tábhachtach go scrúdófá go cúramach an méid airgid is féidir leat a íoc.

"Is breá an rud é a rá go mbeidh an t-áras seo againn ar €500,000 ach caithfidh tú a bheith ullamh níos mó ná sin a íoc," arsa Patricia. "An mbeidh an t-airgead agat don éarlais, ar an gcéad dul síos? Ba chóir go mbeadh plean teagmhasacha agat – caithfidh tú a bheith ullmhaithe go maith ag an tosach. Tá a fhios agam go gcosnaíonn sé airgead innealtóir a fhostú ach níor chríonna an rud é déanamh gan é."

Molann Patricia do dhaoine atá ag smaoineamh ar áras a cheannach cuairt a thabhairt ar an Rannán Pleanála agus cuardach a dhéanamh faoin áras féin agus faoin gceantar mórthimpeall. D'fhéadfá a fháil amach go bhfuil forbairt á phleanáil i bpáirc taobh leis an eastát a bhfuil se ar intinn agat áras a cheannach ann nó go bhfuiltear ag machnamh ar athaicmiú a dhéanamh air amach anseo. Tá sé fíorthábhachtach seiceáil a dhéanamh nach raibh fadhbanna pleanála ag baint leis an teach a bhfuil tú ag smaoineamh ar é a cheannach. Má bhí fadhbanna ann d'fhéadfaidís bac a cur ort an áit a mhéadú nó a athrú amach anseo.

Tá gníomhaire an té atá ag díol na réadmhaoine ina p(h)áirtí leasmhar agus coinneoidh sé/sí d'éarlais 10% go dtí go gcuirtear bailchríoch ar an gconradh. Tá sé de cheart agat liosta ceisteanna a chur.

Ní mór don cheannaitheoir gníomhas a chruthú a léireoidh aistriú an áitribh. Molann Patricia do dhaoine brostú chuig a n-aturnaetha "mar a luaithe is atá an Gníomhas sínithe agat le bailchríoch a chur ar an díol níl ach 30 lá agat chun an dleacht stampa a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim."

Gearrfar pionóis agus ús ort mura n-íocann tú an dleacht stampa laistigh de 30 lá. Nuair a stampáiltear an Gníomhas cuirtear ar aghaidh é chuig an Údarás Cláraithe Réadmhaoine lena chlárú – agus is féidir leat osna scíthe a ligean nuair a lóisteáiltear é sin.

## Dleacht Stampa

Is dleacht é an dleacht stampa atá le híoc ar raon doiciméid dlíthiúla agus tráchtála. Is é an muirear is coitianta ar dhleacht sampla a mbíonn tionchar aige ar dhaoine aonair ná an muirear ar mhaoin chónaithe – tithe agus árasáin – a cheannach. Bíonn méid na dleachta stampa ag brath ar an bpraghas a íoctar, más maoin nua nó réchaite atá ann agus más ceannaitheoir don chéad uair, úinéir-áititheoir nó infheisteoir thú.

Is duine nach bhfuil teach ceannaithe nó tógtha roimhe seo in Éirinn nó go deimhin áit ar bith eile ar domhan é ceannaitheoir don chéad uair. Agus is duine atá ag ceannach tí nó árasáin le bheith mar phríomh-áit cónaithe é ceannaitheoir don chéad uair freisin. Taobh amuigh den díolúine do dhaoine atá ag ceannach don chéad uair, íocfaidh daoine eile dleacht de rud ar bith idir trí agus naoi faoin gcéad, ag brath ar an bpraghas. D'úinéirí-áititheoirí is féidir leat díolúine nó laghdú sa dleacht stampa atá le híoc a fháil nuair a dhéantar ceannacháin áirithe – ba chóir duit comhairle dlí a lorg ar an ábhar seo.

## An t-idirbheart a chur i gcrích

Tar éis don duine atá ag ceannach na maoine conradh a fhorghníomhú, cuirfear an dá chonradh ar ais chuig aturnae an díoltóra chomh maith le héarlais atá cothrom le 10 faoin gcéad den phraghas iomlán. Síníonn an díoltóir an conradh seo, agus cuirtear ar ais chuig aturnae an cheannaitheora é. Tá cóip cheangailteach den chonradh forghníomhaithe gan choinníoll ag an dá aturnae anois. Ag an pointe seo is féidir le gach duine tosú de bheith ag obair i dtreo dáta críche.

Cuireann aturnae an cheannaitheora doiciméad ar a dtugtar 'Agóidí agus Foréilimh' chuig aturnae an díoltóra – is ceisteanna caighdeánacha a bhíonn i gceist anseo a bhaineann leis an teideal agus cúrsaí eile a bhfuil tionchar acu ar an réadmhaoin. Tugann an díoltóir freagra ar na ceisteanna seo agus, chomh luath agus a bheidh aturnae an cheannaitheora sásta, freagróidh sé le dréachtghníomhas. Is féidir leis an díoltóir an dréachtghníomhas a shíniú, in éineacht le gníomhais teidil agus doiciméid dúnta. Coinneoidh aturnae an cheannaitheora na doiciméid/gníomhais go dtí go mbeidh an íocaíocht ar fad tugtha chun críche. Tá an breithniú imithe thart ansin agus an díolachán críochnaithe.

Seolann an ceannaitheoir an gníomhas sínithe agus an dleacht stampa chuig na Coimisinéirí Ioncaim ansin. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an gníomhas a stampáil agus cuirtear ar ais chuig an gceannaitheoir é. Is féidir an gníomhas stampáilte a sheoladh chuig an Údarás Clárúcháin Maoine (nó Clárlann na nGníomhas) le clárú, chomh maith le dearbhú áras teaghlaigh agus gníomhas morgáiste.

Tá tuilleadh eolais le fáil i leabharlann Faisnéise na gCúirteanna. Cliceáil ar dheilbhín Fhaisnéis na gCúirteanna, agus roghnaigh Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe. Liostáiltear an doiciméad, dar teideal 'Practices and Tips when Buying or Selling a Property' faoin rannóg 'Lón agus Léann'.




- **Ní mór d'aturnaetha a gcuid táillí a mhíniú ag an tús – mar sin cuir ceist!**
- **Déan do chuid obair baile ar stair pleanála an tí**
- **Íoc na billí ar fad atá dlite agus tabhair fógra réasúnta do thionóntaí nuair atá tú ag díol**
- **Nuair atá céile ann, bí cinnte agus toiliú a fháil ón gcéile don díolachán**
- **Coinnigh súil amach chun déanamh cinnte go bhfuil an Gníomhas do do theach nua cláraithe**
- **Cuimhnigh go dtosaíonn an scála ama 30 lá chun Dleacht Stampa a íoc chomh luath agus a chuirtear an díolachán i gcrích.**

# Ceaptar an Breitheamh Michael Reilly ina Chigire na bPriosún

**Agus an Breitheamh Reilly ag ullmhú chun tabhairt faoina phost nua mar Chigire na bPríosún, meabhraíonn a chomhghleacaí an Breitheamh William Early dúinn faoina ghairmréim shuimiúil go dtí seo:**

Fearadh fáilte roimh ceapachán an Bhreithimh Michael Reilly ina Chigire na bPríosún i gcomharbacht ar an mBreitheamh Dermot Kinlen atá imithe ar shlí na fírinne. Tá breithiúna na Cúirte Dúiche thar a bheith sásta gur tugadh aitheantas ceart d'fhiúntas a n-iarchomhghleacaí.



An Breitheamh Michael Reilly

**Tá Michael Reilly ar dhuine de na dlí-eolaithe is cumasaí agus is ardchéimní in Éirinn le fada an lá. Bhain sé cáilíocht amach i 1970, an tríú glúin d'aturnaetha, agus chuaigh sé isteach lena athair i James Reilly & Son Solicitors i gCluain Meala, Co. Thiobraid Árann.**

Le fada an lae tá Michael Reilly ar dhuine de na dlí-eolaithe is cumasaí agus is ardchéimní in Éirinn. Bhain sé cáilíocht amach i 1970, an tríú glúin d'aturnaetha, agus chuaigh sé isteach lena athair i James Reilly & Son Solicitors i gCluain Meala, Co. Thiobraid Árann. Tar éis dá athair bás a fháil bhí Michael ina phríomhaí ar an ngnólacht go dtí gur ceapadh é ina Bhreitheamh Dúiche sealadach i 1982. Tugadh post buan dó agus sannaíodh go Cathair Luimnigh i 1993 é. Ag an am bhí drochbhail amach is amach ar shean Teach Cúirte Luimnigh. Ba mar gheall ar thionchar Michael don chuid is mó gur tógadh ollionad nua na Cúirte Dúiche. Fuair sé luach saothair ar a thionscnamh le dlísheomraí a bhfuil radharc drámatúil uatha ar shreabhadh taoidmhear na Sionainne agus í ag sníomh tríd an chathair. Bhí, agus tá, Luimneach ar cheann de na cúirteanna is gnóthaí agus is crua sa Stát. Tugadh meas láithreach do Michael as ucht a údaráis, a dhaonnacht leathan agus a bheith ag stiúradh gnó go tapaidh. Ó 1999 go dtí 2007 sannaíodh an Breitheamh Reilly chuig Dúiche Uimh. a 8. Sa samhradh, dhéanfadh Michael a charr agus bóithre plódaithe Láir Tíre na hÉireann a mhalartú dá bhád, agus dul ag snámh ar uiscí suaimhneacha na Sionainne chuig a chúirteanna i mBeannchar, i nDún an Uchta, in Áth Luain agus in áiteanna eile.

Aithníodh cumas Michael Reilly gan mhoill agus ceapadh chuig an gCúirt Choiriúil Speisialta é áit a raibh sé i gceannas, ó 1992 go 2007, ar na trialacha de roinnt de na coirpigh is míchlúití in Éirinn. Tá suim ar leith ag Michael sa dlí coiriúil agus sna ciontóirí. Bhí sé ina bhall den Chomhairle Náisiúnta um Choireacht ó 1999 go 2007 agus ar iniúchadh Choiste Fennelly ar dhlínse coiriúil na gCúirteanna. Bhí sé ina bhall de Choimisiún Nally a rinne tuairisc chuig an Ard-Aighne faoi ionchúiseamh coiriúil in Éirinn. Is gné shuntasach de dhearcadh Michael i leith an dlí coiriúil ná an buairt a léirigh sé don chiontóir aonair. Bhunaigh sé Tionscadal Cúitimh an Aonaigh, fiontair ceannródaíoch sa cheartas aisiríoch, tar éis dó páirt a ghlacadh mar bhall de ghrúpa saineolach a bhí ag déanamh iniúchadh ar an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa. Déanann coiste de dhaoine fiúntacha áitiúla bainistíocht ar an Tionscadal agus é rialaithe ag breitheamh na Cúirte Dúiche, áit a chuirtear iachall ar an gciontóir dul i dteagmháil leis an íospartach, agus leis an bpobal trí obair a dhéanamh chun leasa an phobail. Tá staidéir spreagtha ag rath an turgnaimh maidir le cén chaoi ar féidir an coincheap a leathnú chuig ceantair Cúirte Dúiche eile ar bhonn reachtúil.

Ceaptar go ginearálta gur rudaí comheisiatach iad binsí fiosraithe agus obair a chur i gcrích go tapaidh. Ar an 9 Iúil 1990 chuaigh lainse patróil a raibh cúigear baill foirne Iascaigh Mhara ar bord go tóin poill amach ó Bhaile Choitín, Co. Chorcaí agus fuair ceathrar bás. Bhí an Breitheamh Michael Reilly i mbun an Fhiosraithe. Laistigh de naoi sheachtain chuala sé 46 finné le naoi fhoireann dlí ag déanamh ionadaíocht orthu agus bhí a thuarascáil dheiridh curtha faoi bhráid an Aire chuí. Tá easpa suntasach de théarmaíocht dhlíthiúil sa thuarascáil; go deimhin is samhail de mhíniú soiléir beacht atá inti. I mí Eanáir 2007 bhí Michael ainmnithe ag rialtas na hÉireann ar iarratas ó Uachtarán na Séiséal chun imscrúdú a dhéanamh ar ionsaí ag fórsaí slándála an Stáit ar cheannaire an fhreasúra agus ar bhaill eile de thionóil reachtach na Séiséal. Rinne an tuarascáil anailís ar na himeachtaí agus na cúiseanna a bhí leo, agus moladh leasuithe a dhéanamh ar an dlí ord poiblí inmheánach, fórsa na bpóilíní, reachtaíocht craolacháin náisiúnta agus Bunreacht na Séiséal i gcomhthéacs gnáthchleachtais chearta daonna. Ní raibh ach aturnae amháin ag cabhrú leis an mBreitheamh Reilly. Ghlac Uachtarán na Séiséal lena thuarascáil ar an 30 Deireadh Fómhair 2007.

Tá Michael ullmhaithe go maith dá cheapachán mar Chigire na bPríosún de bharr a chuid taithí mar bhreitheamh agus a bhallraíocht leanúnach den International Penal and Penitential Foundation atá bunaithe san Eilbhéis agus a thug comhairle do na Náisiúin Aontaithe faoi rialacha don chosaint íosta do phríosúnaigh. Braithfidh a iarchomhghleacaithe ar bhinse na Cúirte Dúiche a chomhairle chríonna uathu go mór, a bhí ag teastáil go minic chun réasún agus suaimhneas a thabhairt chuig cruinnithe cointinneacha a gcumann. Ní bheadh duine ar bith ag súil go rachadh an fear óg fuinniúil seo 62 bliana d'aois amach i dtreo luí na gréine leis na cosa ag imeacht uaidh.

*Guíonn gach duine áthas agus rath ar Michael ina phost nua agus táthar muiníneach go gcomhlíonfaidh sé a chuid dualgas leis an gcríonnacht, ardchumas agus flaithiúlacht spioraid a léirigh sé i gcónaí mar bhreitheamh agus mar chara.*

## breitheamh ag dul ar scor

# Téann an Breitheamh Thomas C. Smyth ar scor

**Is iomaí ómós a tugadh ó chroí uathu siúd a labhair ag suí deiridh an Bhreithimh T.C. Smyth sna Ard-Chúirt le déanaí.**



An Breitheamh Thomas C. Smyth

Labhair an tArd-Aighne, Paul Gallagher, faoi shaol an Bhreithimh Smyth de "mhórghníomhartha iontacha agus dúthracht iontach don tseirbhís poiblí." Chuimhnigh sé ar chúirtéis an Bhreithimh Smyth le dlíthithe agus cleachtóirí araon agus chomh toilteanach agus a bhí sé rudaí a éascú do gach duine a tháinig os comhair a chúirte. "Bhí tú sásta uaireanta fada a shuí, bhí tú sásta suí i rith saoirí, bhí tú sásta tosaíocht a thabhairt do chásanna nuair a bhí tosaíocht uathu. Tá dualgas poiblí thar na bearta curtha i gcrích agat, agus táimid ar fad thar a bheith buíoch díot agus faoi chomaoin agat ina thaobh."

Bhí macalla den méid sin ó Tony Hunt, thar ceann Comhairle an Bharra, agus a thug aitheantas don ghrá a bhí ag an mBreitheamh Smyth don óráidíocht trí sliocht a lua ó óráid a thug an Breitheamh Hand ó Chúirt Achomhairc na Stát Aontaithe i 1944 agus spiorad na saoirse mar ábhar aige. Lean James McGuill le téama na hóráide thar ceann an Dlí-Chumainn ag meabhrú dóibh siúd a bhí ann gur dhúirt aturnae a bhí i láthair i 1963 nuair a thug T.C. Smyth óg a chéad aitheasc mar aturnae óg nach raibh rud ar bith cosúil leis cloiste i gCúirt Dúiche Dhún Dealgan ariamh. "Ag labhairt mar dhlíodóir cosanta coiriúil, tuigim gur ag tagairt d'óráidíochta agus ag cur rudaí ina luí ar dhaoine a bhí sé, mar is cinnte go bhfuil go leor leor rudaí cloiste ag Cúirt Dúiche Dhún Dealgan!" a dúirt an tUasal McGuill.

Spreagadh Cláraitheoir na hArd-Chúirte, Sara McQuade, fiú chun labhairt go fileata agus í ag guí gach rath ar an mBreitheamh Smyth thar ceann na foirne sa tSeirbhís Chúirteanna. Luaigh sí píosa a thug iar-iriseoir iomráiteach na gcúirteanna, Paul Muldowney: "Happy is he who is born and taught, who serveth not another's will, whose armour is on his thought and simple truth his utmost skill."

Níor chúis díomá a bhí ann nuair a d'fhreagair an Breitheamh Smyth. Luaigh sé sleachta as go leor saothair agus rinne sé tagairt fiú do roinnt dátaí cáiliúla sa stair ina raibh comhtharluithe le himeachtaí ina saol féin. Mar shampla rugadh ar an 29 Nollaig 1937 é. Ar an 29 Nollaig 1170 dúnmharaíodh Thomas á Beckett in Ardeaglais Canterbury. Ar an 29 Nollaig 1937 tionscnaíodh Bunreacht na hÉireann. Ba é naomh an lae na Tomás agus ceapadh an Breitheamh Smyth in oifig bhreithiúnach ar an 9 Iúil 1996, féasta Naomh Tomás Moore.

"Ba phribhléid a bhí ann gur tairgíodh an deis dom a bheith i mo bhreitheamh ar an Ard-Chúirt," a dúirt sé. "Más rud é gur tugadh onóir don muinín a bronnadh orm níl ann ach an méid a bhfuil muintir na hÉireann i dteideal a fháil. Ba ghairm beatha dhúshlánach a thug toradh ar an saothar a bhí inti". Ag glacadh buíochas lena mhuintir agus leo siúd ar fad a d'oibrigh leis dúirt sé "tá sé in am dom éirí as a bheith ag éirí tuirseach. Ní theastaíonn go mór ná go géar uaim go gcuimhneofaí orm. Ach má chuimhnítear, bheinn sásta agus is plámás a bheadh ann dom go gcuimhneofaí orm mar bhreitheamh a raibh gnáthchiall as an ngnáth ann."

*Guímid gach rath ar an mBreitheamh Smyth agus é ag dul ar scor.*

## ceapacháin foirne



Tá **Valerie Lynch** ceaptha mar Phríomhchléireach in Oifig Chúirt Dúiche Thrá Lí. Bogann sí tar éis 16 bhliana a chaitheamh i gCúirt Dúiche Luimnigh. Tagann Valerie i gcomharbacht ar Richard McElligott a bhfuil post tógtha aige sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i gCill Airne.



Téann **Denise Mullins** chuig Oifig an Chuntasóra mar Phríomhoifigeach tar éis a bheith rathúil i gcomórtas earcaíochta seachtrach. Bhain Denise cáilíocht amach mar chuntasóir le KPMG agus tá roinnt blianta de thaithí aici sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon. Díreach roimh dhul isteach sa tSeirbhís Chúirteanna d'oibrigh sí mar chuntasóir gairmiúil sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Agus í ag dul i mbun oibre tá sainchúram Oifig an Chuntasóra ag leathnú amach chun cistí ó mhionaoisigh ó na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche a chuimsiú, agus freisin tá an oifig ag déanamh bainistíochta ar chistí iomlán de níos mó ná €1 billiún.



Tá **Olive Caulfield** ceaptha le déanaí mar Phríomhoifigeach i gceannas ar Acmhainní Daonna. Tugann sí taithí leathan léi chuig an bpost tar éis freastal sa Chúirt Dúiche, sa Stiúrthóireacht Athchóirithe & Forbartha agus mar Bhainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt.

Tá post glactha ag an Stiúrthóir Acmhainní Daonna **John Glennon** sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí.



Tá **Emer Darcy** ceaptha mar Oifigeach Pearsanra. Roimh an gceapachán seo bhí Emer ina Príomhchléireach in Oifig Dlí Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath.

# Athruithe in Oifig Chúirt Dúiche Inse

**Ba chosúil nach mbíodh an t-am ag imeacht ar chor ar bith tráth in Inis. Bhí foireann na hoifige le chéile le blianta agus ba chosúil le teaghlach mór iad. Thosaigh athruithe ag teacht ansin agus chuaigh daoine a raibh aithne againn orthu le fada an lá ar scor agus ghluais siad leo.**

Chuaigh Brendan Hanrahan agus Colman O'Loughlin amach ar phinsean le déanaí agus ba bheirt iad a raibh a n-ainmneacha luaite leis an gCúirt Dúiche i gcónaí.



Brendan Hanrahan

Ba as Leaba Síoda i gContae an Chláir do Bhreandán. Chaith sé seal gear ina Gharda sula ndeachaigh sé ag obair sa Roinn Dlí agus Cirt i 1971. Ba chuig Cúirt Dúiche Bhré a cuireadh é ar dtús ach bhí sé ag obair sa Muileann gCearr, Cill Chainnigh agus Luimneach le linn na seacht mbliana dar gcionn sular glaodh abhaile air go hInis. Tharla sé sin i 1978, seachtain sular bhfuair an Mhumhan an bua ar na All Blacks i bPáirc Thuamhumhan. Duine de lucht leanúna díograsach na Mumhan ab ea Brendan agus ba bhreá leis a bheith i láthair ag an gcluiche, ach ó ba rud é nach raibh sé ag obair ann ar feadh seachtaine mhothaigh sé nach bhféadfadh sé lá saor a iarraidh. A leithéid de chluiche a chaill sé!

Chaith sé an chéad 28 bliain eile ag obair sa Chúirt Dúiche in éineacht le daoine mar Dick Robinson, Sean Whelan, agus dar ndóigh, Colman O'Loughlin. Bhí an-aithne air sa Chúirt Dúiche mar ba mhinic é ag obair in áit daoine a aistríodh go sealadach. D'oibrigh sé leis an mBreitheamh Gordon Hurley, an Breitheamh Albert O'Dea nuair a bhí sé in Inis, agus d'oibrigh sé le déanaí leis an mBreitheamh Joseph Mangan. Ba chléireach é a raibh an-stór eolais go deo aige maidir le cleachtas agus nósanna imeachta na Cúirte Dúiche. Bhí sé fíorchúramach faoina chuid oibre agus b'iontach an fear é maidir le mionsonraí. Fear ann féin ab ea Brendan agus ba dhuine ionraic é nach raibh sasta baint a bheith aige le rud ar bith a chuirfeadh iallach air claonbheart a dhéanamh. Nuair a táimidne ag strácailt leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin agus leis an gCóras um Rianú Cáis Coiriúil tá gach aon seans go bhfuil Brendan ag siúl lena mhadra 'Tyson' nó ag breathnú ar fhorlíonadh rásaíochta an nuachtáin nó ag gluaiseacht siar go Leaba Síoda le dul ag iascach.

Bhí sé de mhí-ádh ar an scéal gur chosúil go raibh tionchar ag Brendan ar dhul ar scor Colman O'Loughlin agus ba ghearr ina dhiaidh sin go raibh Colman ag caint faoi dhul amach ar phinsean. Ní raibh sé ach bliain ina dhiaidh d'fhág Colman slán le Cúirt Dúiche Inse tar éis beagnach 40 bliain a chaitheamh inti. Bhí sé cosúil le Brendan sa mhéid is gur chaith se seal gearr ina Gharda sula ndeachaigh sé ag obair sa Chúirt Dúiche. Cuireadh go hInis ar dtús é agus chaith sé an chuid eile dá shaol oibre ann. Ba as Contae an Chláir do Colman freisin. Rugadh in Eidhneach é agus is ann a bhfuil cónaí fós air. Tá grá a chroí aige don talamh agus é ag feirmeoireacht le blianta. D'fhéadfaí a leantóir a fheiceáil ag teach na cúirte lá aonaigh agus chuireadh sé a shaoire samhraidh in áirithe go tapa chun an deis a thapú an féar a shábháil. Ní raibh dada ar eolas agam faoi thógáil ainmhithe sular tháinig mé go hInis ach mhínigh Colman gach rud dom! Cúis cheana agus grinn dúinn ab ea a chloisteáil go raibh sé ina dhúiseacht ar feadh na hoíche toisc go raibh bó ag breith lao nó toisc go mb'fhéidir go mbeadh air dul ar thuras go tapa. Bhíodh an oiread imní air faoina chuid ainmhithe is dá mba a pháistí féin iad agus d'éirigh leis an imní chéanna a chothú ionainne freisin.

Ba chomhghleacaí iontach é Colman. Bhí an oiread sin taithí agus eolais aige go mba bhall luachmhar é d'oifig na Cúirte Dúiche agus bhí a leithéid de phearsantacht aige agus an oiread sin cúraim ina nádúr gur éisteadh leis na custaiméirí i gcónaí agus gur tugadh gach cabhair dóibh a



Colman O' Loughlin

d'fhéadfaí.

Moladh Brendan agus Colman go hard nuair a chuaigh siad amach ar phinsean. Thug an Breitheamh Mangan cuntas ar Colman i mbeagán focal nuair a dúirt sé "tá na blianta caite agam le Colman, blianta fada a théann siar chomh fada leis an bhfear a bhí ann romham, an Breitheamh Gordon Hurley. Cúis bhróid dom ard-ionracas Colman agus é in oifig na Cúirte Dúiche agus coinníodh na caighdeáin sin slán. Is beag duine ar chur mé aithne orthu a d'fhéadfá bualadh leo agus ualach uile an tsaoil ar do ghuaillí agus go bhfágfá iad agus tú ag gáirí. Tá Coleman ar cheann den dornán beag daoine sin. Bíonn scéal breá ar bharr a ghoib aige i gcónaí. Tá dearcadh dearfa aige ar an saol. Fear an-uiríseal is ea é."

Níl amhras ar bith ann ach go n-aireoidh a gcomhghleacaithe Brendan agus Colman uathu. Ní bheidh a leithéidí arís ann. Beirt lán de stuaim a bhí iontu agus b'iontach an rud é iad a bheith ag tacú leat nuair a bhí cúrsaí ag éirí achrannach! Tuigfidh cuid agaibh céard atá i gceist agam agus is scéal é sin ar féidir a insint lá eile.

*Guímid saol fada sona ar phinsean oraibh araon a Brendan agus a Colman.*

*Josephine Tone*

# Ag éalú... chun na Róimhe

**An bhfuil tú ag smaoineamh ar shos a ghlacadh i gcathair éigin? Ní gá smaoineamh ar chathair ar bith ach an Róimh. Bhí an Róimh ina cúis iontais leis na céadta. Níor chaill sí a mealltacht riamh agus fuair Luke O' Neill amach gurb iomaí rud ar féidir a fháil sa chathair.**

Bíonn cúiseanna nua iontais le fáil sa Róimh i gcónaí. Is geall le cathair ghríobháin sráideanna na cathrach agus is féidir gach casadh a iniúchadh, is cuma má tá tú sna cearnóga spásmhara nó sa Centro Storico (Ceartlár Stairiúil na Cathrach) lena seanfhothracha go léir atá mar fheartlaoithe i gcuimhne ar an impireacht ollmhór a bhí aici tráth.

Is deacair a rá cén áit ar chóir duit tosú sa Róimh nó cén áit ar cheart duit críochnú. Meascán mearaí 3,000 bliain d'aois atá sa chathair nach n-éireoidh leat a réiteach go deo. Agus an chomhairle is fearr? Níl cathair mar í ar domhan. Tabhair aghaidh ar na sráideanna agus lig do rithim agus gluaiseacht na cathrach thú a iompar léi.

Níl amhras ar bith gurb é an chéad rud a rachaidh i gcionn ort na seanfhothracha atá ann go flúirseach. Tuigim gurb ionann é sin is a rá go bhfuil na Rockies lán de shléibhte ach is fíor é. Chun an fhírinne a dhéanamh tá an oiread sin seanfhothracha ann gur deacair a rá cé acu atá tábhachtach agus cé acu nach bhfuil.

Ná bíodh imní ort. Áit mhaith le tosú is ea an Fóram Rómánach. Ba é sin lárionad riaracháin agus breithiúnais na seanchathrach. Ba sa chéad seo chaite a cuireadh bailchríoch ar thochailt seandálaíochta na háite seo agus táthar ag teacht ar sheanfhothracha eile ar fud na cathrach. Is iomaí seod ailtireachta a chuirfeadh gliondar ort i measc na n-áirsí tite agus na gcolún claonta, agus ó ba nós leis na Rómhánaigh tógáil os cionn na seanfhothracha tá iarsmaí na gcéadta le feiceáil.

Aithneoidh tú an Colosseum láithreach agus níl ach siúl gearr idir é agus an Fóram Rómhánach. Feicfidh tú an foirgneamh sula dtagann tú gar dó toisc gur féidir é a fheiceáil agus tú ag imeacht thar ceapa tithe na cathrach. Tá an chuid is mó den bhalla ar thaobh theas an amfaitéatair mhórthaibhsigh seo imithe ar fad nach mór. Rinne crith talún an-damáiste dó i 1349 agus tá drochbhail ar an méid atá fágtha. Tá cóireáil mhaith ar na ballaí inmheánacha, áfach. Nuair a thagann tú gar don áit is féidir leat na huimhreacha Romhánacha a fheiceáil greanta sa chloch. Is iad sonraí beaga mar seo a labhraíonn linn thar bhearna na gcianta. Is iontach go deo an radharc é an Coloseum i rith na hoíche agus é soilsithe go deas.

Dar ndóigh ní féidir gan tagairt a dhéanamh do Chathair na Vatacáine. Ní féidir cuairt a thabhairt ar an Róimh gan dul chuig an tír oifigiúil is lú ar domhan mar a bhfuil Síleáil an tSéipéil Sistínigh. Is féidir leat liostáil le grúpaí éagsúla chun dul ar thuras ann agus tá margadh lán de chuimhneacháin in aice láimhe. Bíonn an Séipéal Sistíneach ar oscailt ar feadh tréimhsí gearra - go 2:30i.n. i rith laethanta na seachtaine agus go 12:30i.n. ag an deireadh seachtaine. Más duine de mo leithéid thú, ar bhreá leat an dúthracht chéanna a chaitheamh ag féachaint ar an Róimh san oíche is a chaitheann tú sa lá, seo foláireamh duit. Chonacthas daoine ag teacht ag 12:35pm, cuma beagán gioblach orthu agus an scéal rompu go raibh sárshaothar Michaelangelo dúnta go dtí an lá dar gcionn.

Thairis sin, is fiú leath lá a chaitheamh san Centro Storico. Is anseo atá an Pantheon ársa a bhfuil bail iontach fós air. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an struchtúr reatha ann ó 125 AD is iontach an rud é go bhfuil an teampall seo ar seasamh ar chor ar bith gan trácht ar an gcaoi gur féidir le cuairteoirí dul isteach ann. Creid é nó ná creid ach tá atmaisféar reiligiúnach le sonrú laistigh ann - déantar roinnt aifrinn a cheiliúradh ann - ach is dócha go gcothaíonn an ga solais a shileann isteach tríd an oscailt i ndíon maisiúil an Pantheon an t-atmaisféar sin.

Tá a lán de na rudaí sa chathair ar díol suntais iad, ar nós scairdeán uisce Trevi, i bhfoisceacht siúlóide de. (Tá córas Metro sa Róimh ach ritheann sé ar bhealach imeallach ar eagla go ndéanfadh sé dochar d'áiteanna a d'fhéadfadh a bheith ina láithreáin seandálaíochta). Bíonn Trevi breac le turasóirí de lá is d'oíche agus lánúineacha ag seasamh go dtógfar grianghraif díobh agus páistí gnóthach ag caitheamh bonn isteach sa scairdeán. Chun an fhírinne a dhéanamh, meastar go gcaitear €3,000 isteach gach lá. Bailítear an t-airgead gach oíche lena thabhairt do charthanas Iodálach ar a dtugtar Caritas. Úsáideann siadsan é le cabhrú le bochtáin na cathrach. Fág do chulaith snámha sa bhaile, áfach, mar tá cosc ar thurasóirí dul ag snámh sa scairdeán. Cuir an milleán ar Fellini.







# JUNO - ceacht faoin saol

**Níor bhuaigh aisteoireacht breá an scannáin seo aon duais Oscar ach ba bhuaiteoir an chéad script spleodrach scannáin seo le Diablo Cody. Thaitin an scannán Juno thar cionn lenár léirmheastóir cónaitheach scannán, Ronan Power.**

Ba scannán leantach le Jason Reitmanar é seo ar a shaothar 'Thank You For Smoking'. Scannán éirimiúil grinn atá ann a chuirfidh gliondar ar do chroí. Tá sé mar a bheadh cró cluasach a chinntíonn go mbainfidh tú taitneamh as an mhór–ócáid phearsanta scannánaíochta seo a chuirtear os do chomhair faoi mar a bheadh sé caite san éadan ort.




Baineann an scéal le Juno MacGuff (Ellen Page) a fhaigheann amach ag tús an scannáin go bhfuil sí ag iompar clainne agus gan ach sé bliana déag slán aici. Níl barúil ag a buachaill Paulie (Michael Cera) cad atá le déanamh acu. Bíonn sí ag smaoineamh ar ghinmhilleadh ach éiríonn sí míshuaimhneach sa chlinic. Insíonn sí an scéal dá hathar is dá leasmháthair agus tá sé d'ádh uirthi go nglacann siad go réidh leis cé go raibh siad ag ceapadh gurb é an drochscéal a bhí aici ná go raibh sí le cur ar fionraí ón scoil seachas go raibh sí ag iompar clainne. Ós rud é nach bhfuil sí ullamh fós le leanbh a thógáil téann sí ar lorg lánúine a bheadh sásta a leanbh nár tháinig fós ar an saol a uchtú. Tagann sí ar Mark (Jason Bateman) agus Vanessa (Jennifer Garner) ach is ó Vanessa is mó atá an leanbh ag teastáil. B'fhearr go mór lena fear a bheith ag breathnú ar scannáin fhuilteacha agus ag bailiú páipéir ghrinn ná ullmhú le leanbh a bheith aige.

Is iontach an léiriú a thugann Ellen Page ar dhéagóir deisbhéalach a bhfuil léann na leabhar aici agus í ag ullmhú le haghaidh breith a linbh. Beidh tú ag pléascadh gáire ag breathnú uirthi. Cuireann Cera (Paulie), J.K. Simmons (Mac MacGuff), Olivia Thirlby (Leah) agus Jason Bateman (Mark Loring) tacaíocht mhothúchánach ar fáil i slí go mothaíonn tú a bhfuil ar siúl sa chaidreamh atá acu le Juno. Baineann sé seo go mór mór le Cera agus Simmons. Níl ach ball bog amháin sa slabhra láidir seo agus is í sin Jennifer Gardner a bhfuil páirt Vanessa aici. Ní théann sí i gcionn ort go dtí an dara radharc deireanach agus tá sé ró–dhéanach ansin.

Ba pheaca marfach é gan tagairt a dhéanamh do ghné amháin a chuireann go mór leis an rath atá ar Juno agus is é sin saothar an scríbhneora Diablo Cody lena chéad script scannán. Tá sí seo lán ó thús go deireadh le comhrá siamsúil fíorghreannmhar. Cruthaíonn sí an déagóir móiréiseach soineanta, Juno, a athraíonn le himeacht ama go dtí go mbíonn sí ina bean spreagúil fhásta ach féith an ghrinn go tréan inti i gcónaí agus na nóiméid mhealltacha aici fós. Bíodh is go leantar an coinbhinsiún a bhaineann lena leithéid de scannáin ag an deireadh faoi mar a chuirtear shalann ar sceallóga, is í an chuid chumasach thaitneamhach atá ina lár a choinníonn an scannán ar siúl agus an lucht féachana sásta.

Níl ach fadhb amháin agam leis mar scannán agus is í sin go bhfuil an script ró–dheisbhealach i gcónaí. Is beag nach mbíonn an comhrá ró–fhoirfe agus ró–shnasta uaireanta. Tá sé ráite ag a lán nach labhraíonn aon duine chomh glic sin chomh minic. Tá sé ráite ag daoine eile nach bhfuil ann ach scannán agus nach cuid den saol é. Táimse mar a bheadh duine ar an gclaí ag baint taitnimh as na línte ach sárfhoirfeacht an chomhrá ina hábhar beag imní agam. Tá a fhios agam nach bhfuil ann ach scannán ach tá a leithéid de chraiceann na fírinne curtha air go gcuireann sé as dom go bhfuil sé chomh maith sin nach bhféadfadh sé a bheith fíor.

Ceol armónach den scoth le spreagadh an giotáir atá ar an bhfuaimrian agus nuair a chuirtear na carachtair saintréithiúla san áireamh ní féidir a shéanadh gur sárscannán léiritheora neamhspleáigh é 'Juno'. Tá sé cosúil le 'Garden State' sa mhéid is go dtugtar cúpla radharc tarchéimnitheach dúinn ar anam an duine ach ní leor iad chun fíor–ardscannán a dhéanamh de. Cuireann sé caractair saintréitheacha in áiteanna neamhghnáthacha atá greannmhar go minic faoi mar a dhéantar i 'Little Miss Sunshine' ach níl an greann chomh scléipeach is atá sé sa scannán sin. Tá formhór an ghrinn bunaithe ar an gcomhrá uathúil nó ar na coimhlintí cultúir a tharlaíonn idir Juno agus gach duine eile. Cúis grinn iad na coimhlintí seo ó thús go deireadh.

An–ghreannmhar go deo. Chuirfeadh sé gliondar ar do chroí. Taitneamhach. Mealltach. Spéisiúil. Snasta. Fágfaidh tú an phictiúrlann ag an deireadh agus straois ó chluas go cluas ort toisc go mbeidh rud éigin speisialta feicthe agat.

# As an Oifig le... Brendan McDonald

**Sa dara ceann inár sraith, insíonn Brendan McDonald, Bainisteoir Réigiúin an Oirthir, dúinn faoi cheann de na rudaí a bhfuil grá mó aige dó... sléibhteoireacht:**


Brendan lena dheartháir Kevin

Chomh maith le dearcadh nua ar Bhainistíocht ar Athruithe i gColáiste Bainistíochta Henley, d'éirigh liom foireann deas de thuanna oighir a phiocadh suas freisin. Bhí sé i gceist agam triail a bhaint astu in Albain in 2008 ar an sneachta agus oighear sna pasáistí i nGleann Comhann nó sa Monadh Liath. Mar gheall ar roinnt fáthanna a bheith ag teacht le chéile, áfach, ní raibh mo chomhghleacaithe in ann teacht le chéile don turas seo. Is cúis áthais a bhí ann mar sin glaoch a fháil ó Thomas Aylward féachaint an mbeadh suim ag roinnt baill ó Chumann Sléibhteoireachta Óglaigh na hÉireann (Defence Forces Association of Mountaineers– DFAM) dul ag dreapadóireacht ar feadh roinnt laethanta sna hAlpa san Iodáil i lár an gheimhridh. Tá rud ann do gach duine i nGleanntán Tonale: siúlóidí le bróga sneachta, dreapadóireacht oighir, sciáil sléibhe agus dreapadóireacht alpach. Bhí sé beagnach rómhaith le bheith fíor!
Mhéadaigh na tuairiscí míosúla na sceitimíní de réir mar a bhí níos mó agus níos mó sneachta ag titim agus ba é lúide 14 an teocht ar na fánaí i mí na Samhna agus é fós ag ísliú. Is baill de Chumann Sléibhteoireachta Thrá Lí agus cairde leo den chuid is mó a bhí inár ngrúpa de thart ar 30 duine chomh maith le baill de Chumann Sléibhteoireachta Óglaigh na hÉireann (mise san áireamh).

D'fhág Ryanair i mBergamo muid thart ar dhá uair an chloig ónár mbunáit in Edolo, baile meallacach i nGleanntán Tonale i dTuaisceart na hIodáile. Bhí an áit seo 45 nóiméad ón gceann scríbe a bhí againn, Tonale. Bhí an t-ionad saoire foirfe le fánaí sciála leathana dóibh siúd a bhí ag iarraidh a bheith ag sciáil. Bhí go leor cathaoireacha cábla ann chun tú a thabhairt suas ag na hiomairí gan a bheith ag streachailt leat ar feadh dhá nó trí uair an chloig mar a bheifeá in Albain.

Cé go raibh an aimsir go hiontach i gcomhair sciála bhí riosca ard ar mhaidhm shléibhe sa cheantar faoin am seo (ciall nua ar fad anois á fáil ag anailís riosca anois). Maraíodh ceathrar sa chéad ghleann eile agus tuilleadh daoine níos faide ó bhaile. Caitheadh cuid mhaith den chéad lá le feasacht faoi mhaidhm shléibhe agus oiliúint maidir leis na tarchuradóirí/glacadóirí a bhí á iompar ag gach duine.

Ar an dara lá thugamar aghaidh ar iomaire Alpach áit ar shroicheamar iomaire a bhí ag síneadh chomh fada le Monticello tar éis siúlóid ghearr i mbróga sneachta. Agus é 2,600 méadar in airde, is bealach maith carraige é seo go hiondúil, ach leis an sneachta ar fad a thit ann, scéal eile ar fad a bhí ann. San áit a thiocfá ar roinnt carraige i gcomhair slándála de ghnáth, anois bhí ort do bhealach a dhéanamh trí suas le dhá mhéadar de shneachta. Bhí sé dúshlánach le codanna géara ingearacha ann agus bhí rópadóireacht anuas i gceist agus muid ag dul síos. Bhain muid an-sult as. Mar gheall gur annamh go mbíonn dreapadóirí sa cheantar seo tarraingítear go leor airde ó sciálaithe – agus an dá ghrúpa ag breathnú ar a chéile le meascán d'uamhan agus mearbhall intinne.

Rinneamar iarracht freisin dul chomh fada le mullach Cima Presena, an bhinn is airde sa cheantar agus é 3,069 méadar os cionn farraige. Arís bhí fánaíocht i mbróga sneachta i gceist ar feadh thart ar dhá uair an chloig, ag teacht chomh fada le bearnas gaofar roimh dul suas iomaire caol chuig an mullach. Bhí an radharc dochreidte.

Is deacair dúshlán na sléibhte a shárú, más ag siúlóid atá tú, nó ag streachailt leis an sneachta agus an oighear le tuanna agus crampóin. Is iad seo na huaireanta inar féidir leat a bheith ag smaoineamh leat agus ansin, corruair, is féidir leis an scanradh glan iachall a chur ort athmheasúnú a dhéanamh ar do chuid tosaíochtaí.

Ní chaillfinn ar ór ná ar airgead é.



# In am aghaidh a thabhairt ar na mínligh

**Seolann Declan Power, Rúnaí ar Chumann Gailf na Seirbhíse Cúirteanna, an nóta seo faoina mbeidh ar siúl i 2008:**

Tá turais socraithe againn don séasúr atá ag teacht, ag tosú le turas chuig Díseart Diarmada, Co. Chill Dara, ar an Déardaoin, 27 Márta, 2008.

Dátaí eile don dialann:

- **Déardaoin, an 15 Bealtaine chuig Club Gailf an Fhraoigh Mhóir i bPort Laoise**
- **Déardaoin, an 4 Meán Fómhair chuig Millicent i gClaonadh, Co. Chill Dara agus**
- **Dé hAoine, an 26 Meán Fómhair chuig Turvey i nDomhnach Bat**

Má imríonn tú galf, is cuma cén caighdeán atá agat, nó más tosaitheoir thú, bheadh an-áthas orainn tú a fheiceáil ar cheann ar bith de na dátaí thuas. Eiseoimid ciorclán níos giorra den am do gach turas.
Táimid ag lorg baill nua le dul isteach sa Chumann. Tá ballraíocht teoranta do bhaill foirne na Seirbhíse Cúirteanna atá ag freastal nó ar scor. Ní gá duit bac club a bheith agat - eagróimid é sin duit.
Más maith leat bheith i do bhall is féidir leat dul i dteagmháil liomsa (Declan Power) ag Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Cuarda i dTeach an Fhionnuisce ar 01 888 6807 nó le ríomhphost chuig dpower@courts.ie

# Baill foirne atá ar scor – Tagaigí chuig ár dTráthnóna Samhraidh i Margadh na Feirme

Beidh Tráthnóna Samhraidh na bliana seo i Margadh na Feirme ar siúl Dé hAoine an 23 Bealtaine. Beidh Cór na Seirbhís Cúirteanna ag seinm clár nua ceoil mar shiamsaíocht duit. Tosóidh an imeacht ag 5.00 i.n.; mar sin déan nóta i bhur ndialanna. Seolfar amach litreacha le tuilleadh sonraí níos giorra don dáta.

Más rud é gur mhaith leat eagráin de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna a fháil amach anseo nó má tá aithne agat ar bhall foirne ar bith atá ar scor nach bhfuil cóip á fáil acu faoi láthair níl le déanamh ach glaoch a chur ar Tony Lawlor ag 01- 888 6462.




# cuirtear an seánra taibhléirithe isteach sa tríú diminsean

Tá U2 tar éis a bheith ar na céad daoine chun rud nua eile a dhéanamh – ní i measc bannaí na hÉireann, ná bannaí domhanda amháin – ach i measc gach duine. Ghlac siad páirt rathúil sa chéad príomhscannán beoghníomhaíochta 3D – a bhí ag preabadh amach as scáileáin timpeall na tíre ó dheireadh mí na Feabhra.

Tá sé i bhfad ó chuimhne na seachtóidí de bheith ag déanamh clúdach daite plaisteach de mhilseán Quality Street mín le cúl iongan agus é a chur thar súil amháin chun féachaint an mbeadh an generation game i 3D.

Tar éis é a thaispeáint ar dtús ag Féile Idirnáisiúnta Scannánaíochta Bhaile Átha Cliath tá sé le feiceáil anois i ngach ceann den ocht scáileán 3D Digiteach timpeall na tíre: Cineworld i Baile Átha Cliath, Movies@Dundrum i nDún Droma, Movies@Swords i Sord, SMC Dún Garbháin, IMC Dún Laoghaire agus Pictiúrlann an Gheata i gCorcaigh.

Cuirfidh osréalachas na teicneolaíochta 3D is déanaí iontas ort, agus taispeántar go maith é sa scannán ceolchoirme seo. I ndáiríre tá sé ar nós go bhfuil siad sa phictiúrlann leat. Is dochreidte amach is amach chomh mionsonraithe, doimhin, lonrach agus i láthair agus atá na seatanna cúil ar dhrumaí Larry. Chun sult iomlán a bhaint as caithfear creidiúint a chur ar fionraí ar feadh uair go leith agus ligean dó a bheith ina cheolchoirm réalaíoch. Níl áibhéal ar bith a bheadh in ann cur síos a dhéanamh ar rath na hiarrachta digití seo chun scannán a thabhairt chomh gar dá lucht féachana.

Bhainfí an sult is mó as más rud é gur maith leat U2 i ndáiríre agus go bhfuil taithí agat ar iad a fheiceáil beo – cosúil liomsa. Bhí mo chomrádaí 'nach bhfuil in ann cur suas' le U2 breá sásta leis an scannán áfach agus uaireanta bhí an cuma air go raibh sé ina staic de bharr éifeacht na teicneolaíochta. Chaithfeadh sé go raibh mise gafa ann freisin, mar gheall gur dhúirt sé nár labhair mé mórán ar chor ar bith le linn dó a bheith ar siúl – taithí neamhghnách amach is amach – is cosúil!

Is é an t-aon cháineadh atá agam air ná go bhfuil seans go léireodh taispeántas níos soghluaiste, le níos mó aicsean agus rince ann, an éifeacht 3D níos fearr – turas Showgirl Kylie, abair, nó ceolchoirm le Madge. Ach déanann U2, ina nglóir mheánaosta ar fad, cur i láthair ionraic, láidir – a ndearnadh scannánú air i Meiriceá Theas le linn dóibh a bheith ar a dTuras Vertigo.
Faoi stiúir ag Catherine Owens agus Mark Pellington, tiontaíonn sé an sraith de ceolchoirmeacha beo ina shiamsaíochta atá iomlán nua – taispeántas stáitse ar do scáileán, timpeall na pictiúrlainne agus gar duit. Tugann Owens, atá ina stiúrthóir ábhair físeach U2 le os cionn 15 bhliana, agus Pellington, a bhí ina stiúrthóir ar fhíseán "One" de chuid U2, ar turas scannánaíochta as an ngnáth muid, céim chun tosaigh ar scannáin cheolchoirme thraidisiúnta agus scannáin 3D thraidisiúnta.

Bhris an scannán curiarrachtaí don deireadh seachtaine oscailte sna díoloifigí anseo agus timpeall an domhan. Is é an scannán 3D is mó le hoscailt in Éirinn riamh, agus thóg sé níos mó ar an meán in aghaidh an scáileáin ná scannán ar bith eile a bhí amuigh in Éirinn an deireadh seachtaine sin. Sa chéad deireadh seachtaine sna Stáit Aontaithe thóg sé isteach dhá uair an méid airgid in aghaidh an scáileáin ná eisiúint ar bith eile.

Cinntíonn an scannán seo nach bhfuil dabht ar bith faoi thallann dhoscriosta U2, faoin ghéim ollmhór chun tosaigh i gcaighdeán na scannán 3D, agus faoin todhchaí gan teorainn don dul chun cinn sa scannánaíocht sin mar ghléas siamsaíochta.

*Gerry Curran*

# Ainmneacha Aisteacha – 'Steve Forbert'




**Sa chéad alt de shraith a bhfuilimid ag súil leis go mbeidh sé mar ghné ceoil rialta, cuireann Tony Lawlor ceann de na hamhránaithe is fearr leis in aithne dúinn:**

Thabharfadh sracfhéachaint ar liosta na n-ealaíontóirí ar mo iPod barúil mhaith duit maidir leis na suimeanna ceoil atá agam – Snow Patrol, Gorillaz, Coldplay, chomh maith le hábhar níos sine – Thin Lizzy, Springsteen, The Police, ELO, Steve Forbert... Steve cé? Cloisim do cheist.

Bhuel, corruair anois agus arís tarlaíonn sé. Tagann amhránaí chun solais le stíl ceoil a chuireann iachall ort suí suas agus aird a thabhairt air. Domsa, i gcás Steve Forbert, thosaigh an scéal ar fad ag deireadh na seachtóidí. Ag am an sin ba ghnáth liom breathnú ar The Old Grey Whistle Test ar BBC oíche Dé Máirt. Ar an oíche áirithe seo seinneadh an t-amhrán Big City Cat, ón gcéad albam le Steve, Alive on Arrival. Ón nóiméad sin bhí mé gafa. Chuardaigh mé siopaí ceirníní Bhaile Átha Cliath i gcomhair cóip den albam. Ar deireadh tháinig mé ar an albam i Siopa Dolphin Discs ar Shráid Mhaoilbhríde, siopa atá imithe le fada anois.

Tar éis do dhaoine an "Bob Dylan nua" a bhaisteadh air nuair a bhí a chéad albam eisithe, tháinig méadú mór ar an éileamh a bhí air tar éis dó an dara albam, Jackrabbit Slim, a chur amach. B'shin albam ar a raibh an tsingil thógálach Romeo's Tune, a bhí i measc Rogha 10 na Cairte. Bhí an-tóir ar a mheascán de cheol tíre, tuaithe, rac agus gormacha, chomh maith leis an nguth amhránaíochta ar leith a bhí aige. Tar éis dó Little Stevie Orbit (1980) agus Steve Forbert (1982) a chur amach, áfach, bhlais an t-amhránaí an fhírinne ghéar de pholaitíocht na gcuideachtaí ceirníní, agus bhí cath fada bacainneach mar thoradh leis sin a chuir cosc air ceol nua ar bith a chur amach don chuid eile de na hochtóidí.

Tar éis dó a bheith ciúin go leor sna nóchaidí, tá roinnt albam eisithe ag Steve le blianta beaga anuas, lena n-áirítear ceann de na halbaim is fearr liom féin, Just Like There's Nothing to it, in 2004.

Eisíodh an t-albam is déanaí uaidh, Strange Names and New Sensations in 2007. Is iad Middle Age agus 30 More Years na hamhráin is fearr liomsa ar an albam seo. B'fhéidir nach bhfuil ann ach gur féidir liom ionannú leis na rianta seo, os rud é go bhfuil mé in aois áirithe.
Is meascán rómánsúil iad na hamhráin eile go mór mór, ach amháin Baghdad Dream a dhéanann a ráiteas féin. San iomlán seo céim eile sa tráchtaireacht ar an mbeatha a dhéantar i ngairmréim cheoil Steve Forbert.

Mar sin más rud é gur maith leat meascán de cheol tíre, tuaithe, rac agus gormacha agus gur mhaith leat sampla de cheol Steve a bhlaiseadh, logáil isteach ar www.steveforbert.com áit ar féidir leat roinnt dá chuid ceoil a íoslódáil saor in aisce. Is féidir leat CDanna agus DVDanna a cheannach ón láithreán sin freisin.

**An bhfuil amhránaí is breá leat nach bhfuil rócháiliúil agus a bhfuil tú ag iarraidh a roinnt leis an domhan níos leithne? Inis dúinn trí ríomhphost a chur agam ag alawlor@courts.ie**

# Cardiac Monitor

Passing the Nurses station in the Coronary Care Ward
I glance at the overhead cardiac television screens
Just in time to see the opening credits
'George Timmons and the moving graph of his heart'
"You're on telly again Da – you never told me",
I whisper because cardiac rest time has commenced

Under the title
I see the three dimensional moving graph
monitoring the beat and rhythm
of the heart of George Timmons,
the lead and star of the show
in the role of his life

The audience of nurses look to the screen as one
'The beat is electric they say'
their feet tapping as they watch George's heart
in the midst of a Michael Flatley dance routine

'It's a little bit fast
but the rhythm is good', they sing in chorus
Which is what I had hoped for
and expected of a man
with such a love of dancing

So how does it end, I ask?
Don't bypass the end
as we've already had three bypasses
Can you make it a happy ending, I plead
They jive away in synchrony to the beat
Oblivious to my Fred Astaire style waving

Then they shimmy back to the Nurse Station
smile as one and say
We don't know how it ends
But his heart was always good
he has the feet and rhythm of a dancer
Though his chest resembles the Red Cow roundabout

We think he might foxtrot out of here
In about ten days time
We're hoping he'll leave us a signed copy
of his new DVD

*"The boogey woogey dancing man*
*from Ward number three"*

*Brian O' Tiomain*



# Bí Gníomhach agus Tú ag Obair

IRISH HEART FOUNDATION

**Spreagann Foras Croí na hÉireann muid le bheith gníomhach agus muid ag obair chun cabhrú lenár sláinte a fheabhsú agus b'fhéidir cur le fad ár saol:**

Mothaíonn tú agus breathnaíonn tú go maith trí bheith gníomhach. Is féidir leis beatha a chur le do bhlianta chomh maith le blianta a chur le do bheatha. Tá iliomad leasanna sláinte ann de bharr aclaíocht rialta. Is féidir leis an baol go mbeidh galar croí, diaibéiteas nó brú fola ard ort a laghdú. Ní hamháin sin, is féidir leis do mheáchan a rialú, cabhrú leat codladh níos fearr, strus agus imní a laghdú, agus matáin agus cnámha a neartú

Má dhéantar 30 nóiméad d'aclaíocht le déine measartha in aghaidh an lae de ghnáth:

- Úsáideann sé thart ar 200 calraí in aghaidh an lae... agus cabhraíonn sé leat do mheáchan a rialú
- Neartaíonn sé do chnámha agus do mhatáin... chun oistéapóróis a chosc
- Neartaíonn sé do chroí agus d'imshruthú... chun galar croí agus stróc a chosc
- Feabhsaíonn sé feidhmeanna do choirp... chun cineálacha áirithe ailse agus diaibéiteas a chosc
- Spreagann sé hormóin 'an áthais'... chun cabhrú leat aireachtáil go maith agus ar do shuaimhneas

Ciallaíonn 'aclaíocht le déine measartha' go n-airíonn tú iarracht éigean, go méadaíonn ráta do chroí agus d'análú, go mothaíonn do chorp ar fad níos teo, díreach mar a bhíonn tú tar éis siúlóid thapaidh.

Is féidir le bogadh timpeall, síneadh agus do shuíomh a athrú ar bhonn rialta cabhrú chun do chorp a choinneáil soghluaiste láidir. Is féidir le roghanna gníomhacha go leor calraí a úsáid...

Má tá riocht sláinte agat, nó an baol ann go mbeadh, seans go bhfuil imní ort faoi na rudaí ar chóir agus nár chóir duit a dhéanamh. Ba chóir duit dul i gcomhairle le do dhochtúir má tá sé i gceist agat gníomhaíocht nua a thosú.

Cabhraítear le go leor riochtaí sláinte trí choinneáil gníomhach. Laghdaíonn aclaíocht bhog déine roinnt comharthaí agus cabhraíonn sé leat biseach a fháil ó thréimhsí péine. Úsáidtear gníomhaíocht le dhéine measartha mar chóir leighis i ngalar croí, stróc, diaibéiteas agus sa tsláinte mheabhrach.

| CALRAÍ NEAMHGHNÍOMHACHA | | CALRAÍ GNÍOMHACHA | |
|---|---|---|---|
| Glao teileafóin 5 nóiméad, i do shuí | 5 | Glao teileafóin 5 nóiméad, i do sheasamh | 25 |
| Ríomhphost a sheoladh chuig comhghleacaí atá urlár amháin uait | 5 | Siúl chomh fada le comhghleacaí atá urlár amháin uait | 30 |
| Ag tiomáint, ag tógáil bus nó traein chuig agus ón obair | 15 | Ag siúl ar feadh 10 nóiméad den aistear sa dhá bhealach | 120 |
| Lón pacáilte a ithe | 10 | Siúlóid 10 nóiméad a thógáil chuig siopa na gceapairí | 60 |
| Bheith i do shuí sa cheaintín ar feadh 30 nóiméad ag am lón | 30 | Do lón a ithe (15 nóiméad) agus siúlóid 15 nóiméad a thógáil | 135 |
| Ardaitheoir a thógáil i gcomhair 3 rith staighre | 5 | Ag siúl suas 3 rith staighre | 15 |
| Do charr a pháirceáil gar don bhealach isteach | 5 | Do charr a pháirceáil ag an taobh eile den charrchlós (más féidir) (siúlóid 5 nóiméad) | 30 |
| 30 nóiméad a chaitheamh i do shuí ag cruinniú oifige | 30 | Cruinniú siúil 30 nóiméad a bheith agat (más féidir) | 180 |
| IOMLÁN 105 | | IOMLÁN 595 | |

# Glaonn Éire

**Is í mí an Mhárta an mhí ina ndéantar ceiliúradh ar lá féasta éarlamh na hÉireann ar fud an domhain. Mar sin an bhfuil bealach níos fearr ann chun comóradh a dhéanamh ar an ócáid ná ár n-intinn a scrúdú le tráth na gceist a bhfuil blas na hÉireann air?**

1. ICén cathair ina bhfuil an Fhaiche Mhór?
2. Cén contae ina bhfuil cloigtheach Mhainistir Bhuithe?
3. Cén cathair a dtugtar Cathair an Mharmair uirthi?
4. Ainmnigh an t-aisteoir Éireannach a bhfuil páirt glactha aige i Fawlty Towers, Robin's Nest agus Waking Ned Devine?
5. B'as an Bhrasaíl dá athair, ba Parris an dara ainm a bhí air, rugadh i mBirmingham é ach bhí sé ar cheann de réalta raic na hÉireann ba cháiliúla riamh - cé
6. Cé a bhfuil 15 phríomhstáisiún iarnróid na hÉireann ainmnithe ina ndiaidh?
7. Céard é an t-aon baile in Éirinn a bhfuil an litir Z ina ainm i mBéarla?
8. Cén banna a raibh cnagshingil acu leis an amhrán Summer in Dublin?
9. Cén dáta ar a bhfuil féile Bhríde?
10. Cén baile inar rugadh an Cunta John McCormack?



**Seol do chuid freagraí chuig: Tony Lawlor, Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, nó trí ríomhphost chuig alawlor@courts.ie**

## Buaiteoir Tráth na gCeist Dheireadh Fómhair



Elaine Jones, Oifig Réigiúnda an Deiscirt ag fáil a duais mar bhuaiteoir ar thráth na gceist mhí Dheireadh Fómhair ó Terry Agnew, an Oifig Faisnéise.

## Is iad na freagraí atá ar thráth na gceist mhí na Nollag ná:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | *Merry Christmas Everyone* | Shakin Stevens |
| 2. | *Merry Christmas Everybody* | Slade |
| 3. | *Do They Know its Christmas?* | Band Aid |
| 4. | *The Pipes of Peace* | Paul McCartney |
| 5. | *Fairytale of New York* | Kirsty MacColl & Shane McGowan |
| 6. | *Lonely this Christmas* | Mud |
| 7. | *I Believe in Father Christmas* | Emerson, Lake & Palmer |
| 8. | *A Winters Tale* | Moody Blues/ David Essex |
| 9. | *Stop the Cavalry* | Jonah Lewie |
| 10. | *I Wish it Could be Christmas Everyday* | Wizard |

Agus is é an buaiteoir ná **Éamonn Mooney, ón Stiúrthóireacht TFC**. Comhghairdeas leat a Éamoinn.



Brendan Murphy, Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, ag glacadh lena chéim mar Bhaitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Acmhainní Daonna ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath



Ag déanamh athnuachan ar chairdeas: Iarbhaill foirne na Seirbhíse Cúirteanna ar ais le chéile arís i mí na Samhna 2007: Jim McCormack, Brendan Reidy, Jim Beirne, Gay Berkery, Aidan Cashin, J.J. Bunyan



Cathal O' Dwyer, mac le Mairead O' Dwyer, Príomhchléireach, Cúirt Chuarda Chill Chainnigh



Peter Devine (Cúirt Chuarda Chorcaí) agus a bhean chéile Nagai ar lá a mbainise i mí Iúil 2007. Tógadh an grianghraf i bPáirc na Príomhchearnóige i Lima Pheiriú.



Noel Rubotham, an Stiúrthóir um Athchóiriú agus Forbairt agus Elisha D'Arcy, an tAonad Tacaíochta Breithiúnaí le breithiúna ón Albain le linn dóibh a bheith ar cuairt chuig Baile Átha Cliath le déanaí.

Má tá grianghraf agat ar mhaith leat a chur san áireamh in 'Tríd an Lionsa', seol sa phost é le do thoil chuig: **Tony Lawlor, Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 nó cur i ríomhphost é chuig: alawlor@courts.ie**